

# Comhairle Chontae na Mí
# Tuarascáil Bhliantúil 2014





comhairle chontae na mí
*meath county council*

Arna chur i dtoll a chéile ag
Comhairle Chontae na Mí
Halla an Chontae
Sráid an Bhóthair Iarainn
An Uaimh
Contae na Mí
Teil: (046) 9097000
Facs: (046) 9097001
www.meath.ie
customerservice@meathcoco.ie

# Clár na nÁbhar

Réamhrá ... 7

Daonlathas Áitiúil ... 9

- Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin ... 9
- Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais ... 10
- Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh ... 11
- Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe ... 13
- Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó ... 14
- Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim ... 15

Seirbhísí Corparáideacha ... 17

- An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ... 17
- Toghcháin Áitiúla 2014 ... 18
- Seirbhísí do Chustaiméirí ... 19
- Cumarsáid agus na Meáin ... 19
- Córais Faisnéise ... 20
  - An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ... 20
- Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistiú Rioscaí ... 20
  - An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ... 21
- Saoráil Faisnéise ... 21
- Imeachtaí Corparáideacha ... 22
  - Cuairt Toscaireachta Síní ó Chúige Guizhou agus ó chathair Guiyang ... 22

Deontais Ardoideachais ........ 23
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 23
Clár na dToghthóirí ........ 23
Clár na dToghthóirí 2014/2015 ........ 23
Rialachas agus Bainistiú Rioscaí ........ 24
Na Príomhfhorbairtí sa bhliain 2014 ........ 24
Acmhainní Daonna ........ 25
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 25
Pleanáil agus Iompar Straitéiseach ........ 26
Bainistiú Forbartha ........ 26
Móriarratais Phleanála a Fuarthas nó a Cinneadh i rith na bliana 2014 ........ 27
Saoráidí Scoile ........ 27
Saoráidí Spóirt nó Pobail ........ 27
Forbairtí Tithíochta ........ 27
Saoráidí Cúraim Leanaí & Tithe Altranais ........ 27
Cairéil ........ 27
Saoráidí Turasóireachta/Taitneamhachta ........ 27
Saoráidí Tráchtála/Tionscail/Fuinnimh ........ 28
Próifíl na nIarratas ........ 28
An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha ........ 28
Forbairt an Bhonneagair Straitéisigh ........ 28
Rialú Pleanála a Fhorfheidhmiú ........ 28
Na Rialacháin Foirgníochta ........ 29
Pleanáil Chun Cinn ........ 29
Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta ........ 29
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 29

Fógraí Fostaíochta ........ 30

Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) na Mí ........ 31

An Fiontraí Óg is Fearr de chuid na hÉireann ........ 32

Buaiteoir Náisiúnta Ghradaim OFÁ i gcomhair Fiontraíochta Mac Léinn ........ 33

Seachtain Fiontraíochta na Mí 2014 ........ 33

Gradaim Ghnó & Thurasóireachta na Mí 2014 ........ 35

Is cuma céard é do ghnó … *Make it Meath* ........ 36

Tacaíocht do Thionscadail Áitiúla ........ 36

WiFi Saor in Aisce san Uaimh ........ 37

Tionscnamh Aoisbhá Cheanannais ........ 37

Tithíocht ........ 38

An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 38

Caipiteal Tithíochta ........ 38

Leithroinntí Tithíochta ........ 38

Deontais Tithíochta ........ 38

Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean ........ 39

Cóiríocht don Lucht Siúil ........ 39

An tIonad Aontachta ........ 39

Idirchaidreamh le Tionóntaí ........ 39

Gnóthaí Pobail ........ 40

An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 40

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ........ 40

Tionscnamh Aoisbhá na Mí ........ 40

Uilechuimsitheacht Shóisialta ........ 41

Comhairle na nÓg/Dáil na nÓg ........ 41

Tionscnaimh Phobail – Mórtas Áite ........ 42

Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí .... 44
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 .... 45
Clár na hOifige Ealaíon .... 46
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 .... 46
Seirbhísí Leabharlainne .... 47
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 .... 47
Turasóireacht .... 49
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 .... 49
Oidhreacht .... 51
Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 a ullmhú .... 51
Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2015-2020 a ullmhú .... 52
INTERREG IVA – Gníomhaíocht i leith an Tionscadail Bithéagsúlachta .... 52
INTERREG VA .... 52
Tionscadal Phlean Oidhreachta an Chontae - Clár maidir le Feasacht ar Oidhreacht na Mí 2014 .... 52
Tionscadal Phlean Oidhreachta an Chontae-Feabhas a chur ar Charachtar Chroílimistéar Caomhantais Ailtireachta Stairiúla Cheanannais (LCA) .... 53
Athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh láithreach nó foirgneamh tréigthe laistigh de Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne .... 54
Tionscadal Oidhreachta agus Seandálaíochta Ord Crábhaidh Fhearann na mBráithre Dubha .... 54
Grúpa Oibre Turasóireachta Cultúir Chomhairle Chontae na Mí .... 55
Tionscadal Reilig an Ghorta Mhóir ar láithreán Ospidéal na hUaimhe .... 55
Ball de Mheitheal Phortach na Greallaí .... 55
Plean Caomhantais agus Bainistíochta do Thailte de chuid an Stáit ag Cnoc na Teamhrach .... 55
Ball de Choiste Náisiúnta na Straitéise Tírdhreacha .... 55
Comhdhálacha/Páipéir/Ceardlanna Ar Cuireadh sa bhliain 2014 .... 56
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre .... 58

An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 58
Scéimeanna Iompair Inbhuanaithe ........ 59
Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála ........ 61
An méid a baineadh amach sa bhliain 2014 ........ 61
Rialacháin na bliana 2013 maidir le Dramhbhia Teaghlaigh ........ 61
Leathnuithe ar an Toirmeasc ar Ghual Toiteach ........ 61
An Plean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún ........ 62
An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 – Umair Mhúnlaigh a Chlárú ........ 62
Reiligí ........ 62
Oideachas agus Feasacht maidir leis an gComhshaol ........ 62
Láithreáin Taitneamhachta Cathartha ........ 63
An Treoir maidir le Tuilte ........ 63
An Líonra Bainistíochta Abhantraí ........ 63
Forbairtí Eile sa bhliain 2014 ........ 64
An tSeirbhís Dóiteáin ........ 64
Oiliúint sa tSeirbhís Dóiteáin ........ 64
Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal ........ 64
Bainistiú Móréigeandálacha ........ 65
Cosaint Shibhialta ........ 65
Comhairlí Baile ........ 67
Comhairle Baile Cheanannais ........ 67
Comhairle Baile na hUaimhe ........ 68
Comhairle Baile Bhaile Átha Troim ........ 69
Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí ........ 70
Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle - 2014 ........ 71
Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bliantúil ........ 72

# Réamhrá



Jim Holloway
Cathaoirleach



Jackie Maguire
Príomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo do Chomhairle Chontae na Mí ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíochtaí na Comhairle, agus ar an méid a bhain an Chomhairle amach, sa bhliain 2014 a chur i láthair.

I rith na bliana seo caite, chuathas i mbun athruithe ar struchtúir an rialtais áitiúil agus níl aon amhras ann ach gurbh iad na hathruithe is mó iad dá ndearnadh riamh ón tráth a bunaíodh na struchtúir sin sa bhliain 1898.

Tar éis deireadh a chur lenár dtrí Chomhairle Baile agus na struchtúir nua a fhorbairt, rinneadh an Mhí a roinnt ina sé cheantar bhardasacha: Cill Dhéagláin, Ráth Tó, An Inse/Baile an Bhiataigh, Ceanannas, Baile Átha Troim agus an Uaimh. Bhí na Toghcháin Áitiúla ann i mí Bhealtaine agus toghadh 40 Comhairleoir chun feidhmiú thar ceann mhuintir na Mí.

Tá cur chuige aontaithe againn anois i ndáil le fónamh do shaoránaigh Chontae na Mí sna sé cheantar bhardasacha ar fad. Fágann an struchtúr atá againn gur údarás áitiúil níos comhtháite atá ann agus é i riocht maith chun forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn agus chun leas a bhaint as buanna an chontae sa chaoi gur mian le daoine cónaí a dhéanamh ann, gur mian leo infheistíocht a dhéanamh ann agus gur mian leo a bheith ag obair ann.

Suim €99.5m a bhí sa bhuiséad a glacadh don bhliain 2014. Den chúigiú bliain i ndiaidh a chéile, d'fhan na rátaí tráchtála gan athrú sa chontae, rud a léiríonn tiomantas na Comhairle i leith tacú le gnóthaí agus infheistíocht nua ghnó a mhealladh isteach sa chontae. Is ábhar dóchais iad na comharthaí téarnaimh eacnamaíochta atá ann agus cuireadh fáilte roimh na fógraí fostaíochta a bhí ann i rith na bliana.

Rinneadh Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) na Mí a oscailt go hoifigiúil i mí Bhealtaine agus feidhmíonn an oifig sin mar chuid de líonra náisiúnta trína gcuirtear forbairt gnó agus fiontraíocht i gcroílar an rialtais áitiúil. Tá na OFÁ-anna ina ndlúthchuid den phobal gnó agus bíonn daoine gairmiúla ar fáil ann chun cabhair a thabhairt d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn agus do ghnóthaí atá ann cheana féin ar an leibhéal áitiúil.

Lean an Chomhairle de bheith tiomanta i leith tionscadail a chur chun cinn a thacaíonn le forbairt bonneagair trína gcumasaítear infheistíocht; i leith tacú le fiontraíocht trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar; i leith turasóireacht a chur chun cinn; agus i leith rannchuidiú le féilte agus le gníomhaíochtaí oidhreachta. Sa bhliain 2014, soláthraíodh maoiniúchán i gcomhair roinnt tionscnamh chun tairbhe dhearfach eacnamaíochta a spreagadh don chontae. Seo a leanas samplaí de thionscnaimh den sórt sin: Seachtain Fiontraíochta na Mí, Tionscadal WiFi na hUaimhe agus Scéim Aitheantais do Ghnóthaí Aoisbháúla i gCeanannas.

Ullmhaíodh Straitéis Eacnamaíochta nua sa bhliain 2014 agus, tríd an straitéis sin, tá sé mar aidhm ag an gComhairle gníomhú ar mhodh atá réamhghníomhach, atá fabhrach do ghnóthaí agus atá fabhrach do chustaiméirí. Is é is aidhm don straitéis ná oibriú in éineacht leis na geallsealbhóirí go léir chun a chinntiú go gcuirtear an Mhí san áireamh i gcónaí nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi infheistíocht.

Leanadh de thús áite a thabhairt d'fhorbairt agus do chur chun cinn na turasóireachta i gContae na Mí. De bharr oidhreacht shaibhir an chontae agus an raoin ilchineálaigh féilte a bhíonn ar siúl ann, is áit ar leith í ina bhfaigheann cuairteoirí eispéireas uathúil. Sa bhliain 2014, bhí na mílte cuairteoirí i láthair ag féilte amhail 'Féile an Fhéir' i gCeanannas agus Féile Oíche Shamhna 'Spioraid na Mí' a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

Trína cuid tionscnamh 'Mórtas Áite', leanann an Chomhairle de thacú le grúpaí pobail a chaitheann a gcuid ama i mbun gníomhaíochtaí atá dírithe ar a chur faoi deara gurb áit tharraingteach í an contae. B'iontach an rud é an t-ainmniúchán a fuair baile oidhreachta Bhaile Átha Troim ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais mar iontrálaí i gcomórtas Entente Florale na bliana 2015. Tá Comhairle Chontae na Mí ag obair in éineacht leis an ngrúpa Bailte Slachtmhara chun a chinntiú go mbeidh an chuma is fearr is féidir ar Bhaile Átha Troim agus go mbeidh sé in ann ionadaíocht a dhéanamh go mórálach thar ceann na hÉireann sa chomórtas mór le rá seo.


Tá gealladh faoi Chontae na Mí mar thoradh ar na struchtúir nua atá ann, ar a chuid pobal bríomhar agus ar an mbéim nua atá á leagan ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar fhiontraíocht. Táimid ag tnúth le déileáil leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo agus iarraimid ar dhaoine a bheith i dteagmháil linn agus ag obair linn i ndáil le fás eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus comhshaoil an chontae a chur chun cinn ar mhodh cothrom a chuimsíonn gach duine dár gcuid saoránach.

Ní fhéadfaí na nithe go léir a baineadh amach, mar atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo, a bhaint amach gan an comh-ionchur a fuarthas ó na Comhairleoirí, ó na Cathaoirligh, ó na

Comhaltaí de na Coistí Beartais Straitéisigh, ón Lucht Bainistíochta agus ón bhFoireann, gan trácht ar an tacaíocht ó líon mór eagraíochtaí deonacha agus pobail.

# Daonlathas Áitiúil

## Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Bonner | Joe | Neamhpháirtí | Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Domhnach Mór,<br>Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>joe.bonner@members.meathcoco.ie | 087-9749563 |
|  | Jamal | Suzanne | Fine Gael | "Rahmait", Flemington, Baile na Rátha, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>suzanne.jamal@members.meathcoco.ie | 087-7971297 |
|  | O'Driscoll | Claire Dr. | Fianna Fáil | Baile an Cheantaigh, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>claire.odriscoll@members.meathcoco.ie | 086-1545389 |
|  | O'Rourke | Darren | Sinn Féin | 11 Hunter's Court, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>darren.orourke@members.meathcoco.ie | 087-4119654 |


| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Smith | Seán | Fianna Fáil | An Baile Trasna, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>sean.smith@members.meathcoco.ie | 085-8203065 |
|  | Tobin | Alan | Fine Gael | 9 Westview, Cill Dhéagláin, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>alan.tobin@members.meathcoco.ie | 087-6117669 |



# Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Cassidy | Eugene | Fine Gael | Possextown, An Obair, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>eugene.cassidy@members.meathcoco.ie | 086-3717686 |
|  | Drew | Sean | Fianna Fáil | 8 Corrán Kenlis, Ceanannas, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>sean.drew@members.meathcoco.ie | 087-4121803 |
|  | Gallagher | Michael | Sinn Féin | Droim Conrach, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>michael.gallagher@members.meathcoco.ie | 087-9478222 |




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Gilroy | David | Neamhpháirtí | An Phríomhshráid, Baile Átha Buí, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>david.gilroy@members.meathcoco.ie | 087-4172136 |
|  | Guirke | Johnny | Sinn Féin | Loughbawn, Dromone, an Seanchaisleán, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>johnny.guirke@members.meathcoco.ie | 087-1239670 |
|  | Reilly | Bryan | Fianna Fáil | Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>bryan.reilly@members.meathcoco.ie | 086-2599184<br><br>046-9240122 |
|  | Reilly | Sarah | Fine Gael | 36 Plás Bective, Ceanannas, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>sarah.reilly@members.meathcoco.ie | 086-4085679 |


# Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Ferguson | Eimear | Sinn Féin | Beabeg, Baile Iúiliáin, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>eimear.ferguson@members.meathcoco.ie | 089-4511757 |



| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Harding | Wayne | Fianna Fáil | Rathmaiden, Baile Shláine, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>wayne.harding@members.meathcoco.ie | 087-7446730 |
|  | Kelly | Tom | Neamhpháirtí | Uimaine, Strand Road, An Inse, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>tom.kelly@members.meathcoco.ie | 086-3817700 |
|  | Keogan | Sharon | Neamhpháirtí | An Phríomhshráid, Damhliag, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>sharon.Keogan@members.meathcoco.ie | 087-6773800 |
|  | McKee | Stephen | Fianna Fáil | 8 The Hawthorns, Downstown Manor, Damhliag, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>stephen.mckee@members.meathcoco.ie | 086-0432760 |
|  | Meade | Paddy | Fine Gael | Rathbran Church, Baile Lóibín, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>paddy.meade@members.meathcoco.ie | 087-6495907 |
|  | Tolan | Sharon | Fine Gael | 132 Betaghstown Wood, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>sharon.tolan@members.meathcoco.ie | 086-3669852 |



# Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Burke | Sinead | Sinn Féin | Graigs Lane, Dún Mó, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>sinead.burke@members.meathcoco.ie | 087-3124200 |
|  | Cassells | Shane | Fianna Fáil | 52 Oakleigh, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>shane.cassells@members.meathcoco.ie | 086-3399198 |
|  | Deane | Francis | Neamhpháirtí | 5 Blackwater Drive, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>francis.deane@members.meathcoco.ie | 086-1234856<br><br>046-9023696 |
|  | Forde | Wayne | Neamhpháirtí | 64 Parnell Park, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>wayne.forde@members.meathcoco.ie | 086-3845807 |
|  | Holloway | Jim | Fine Gael | Bóthar na Bóinne, Baile Fargáin,<br>An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>jim.holloway@members.meathcoco.ie | 086-2355236 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Reilly | Joe | Sinn Féin | Faughan Hill, An Bóthar Mín, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>joe.reilly@members.meathcoco.ie | 087-2478508 |
|  | Reilly | Tommy | Fianna Fáil | Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>tommy.reilly@members.meathcoco.ie | 087-7450149 |


# Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Fitzgerald | Brian | Neamhpháirtí | Warrenstown, Cill Choca, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>brian.fitzgerald@members.meathcoco.ie | 01-8251847<br><br>087-2508247 |
|  | Killian | Nick | Neamhpháirtí | Ráth Tó, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>nick.killian@members.meathcoco.ie | 087-2596753<br><br>01-8355435 |
|  | Murphy | Maria | Fine Gael | 3 The Close, Lutterell Hall, Dún Búinne, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>maria.murphy@members.meathcoco.ie | 087-6579895 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | O'Connor | Gerry | Fine Gael | 23 The Downs, Dún Seachlainn, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>gerry.oconnor@members.meathcoco.ie | 087-2838311 |
|  | O'Kane | Maria | Sinn Féin | Skryne Road, Scalestown, Dún Seachlainn, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>maria.okane@members.meathcoco.ie | 086-3306311 |
|  | O'Reilly | Damien | Fianna Fáil | 2 Oakridge Crescent, Dún Búinne, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>damien.oreilly@members.meathcoco.ie | 086-8722645 |
|  | Toole | Gillian | Fine Gael | Curkeen, Ráth Tó, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>gillian.toole@members.meathcoco.ie | 086-0891221 |

# Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Flynn | Enda | Fine Gael | 43 New Inn, An Bóthar Buí, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>enda.flynn@members.meathcoco.ie | 086-8153595 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  | Fox | Joe | Fine Gael | Clondoogan, Cnoc an Línsigh, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>joe.fox@members.meathcoco.ie | 087-2631318 |
|  | French | Noel | Fine Gael | 10 Bóthar Cheanannais, Baile Átha Troim, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>noel.french@members.meathcoco.ie | 086-8053293 |
|  | Golden | Trevor | Neamhpháirtí | Church Lane, Baile Átha Troim, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>trevor.golden@members.meathcoco.ie | 086-4008007 |
|  | Lynch | Caroline | Sinn Féin | Ráth Cairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>caroline.lynch@members.meathcoco.ie | 086-8541199 |
|  | McKenna | Ronan | Fianna Fáil | 6 Leac an Ais, Baile Átha Troim, Co. na Mí<br>Ríomhphost:<br>ronan.mckenna@members.meathcoco.ie | 087-2901450 |

# Seirbhísí Corparáideacha

Leanann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha d'fheabhsúcháin a dhéanamh agus de leas níos fearr a bhaint as acmhainní chun a chinntiú go gcuirtear faisnéis agus seirbhís ardchaighdeáin ar fáil do shaoránaigh an Chontae agus do na Comhairleoirí tofa.

Déanann Seirbhísí Corparáideacha idirghníomhú le gach roinn de chuid na Comhairle, agus soláthraíonn siad tacaíocht do gach roinn de chuid na Comhairle, agus tá freagracht orthu as cúrsaí cumarsáide, as cúram custaiméara, as clár na dtoghthóirí agus as deontais ardoideachais.

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

- Éascaíodh ceanglais an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus cuireadh na ceanglais sin i bhfeidhm.
- Cuireadh riaradh an Achta um Thoghcháin Áitiúla 2014 i gcrích agus toghadh 40 Comhairleoir i sé cinn de Cheantair Bhardasacha.
- Tugadh cabhair do Chomhairleoirí i ndáil leis na cruinnithe nua agus na struchtúir nua sna ceantair bhardasacha, ar nithe iad sin a tháinig i bhfeidhm i Meitheamh 2014.
- Bailíodh faisnéis agus bainistíodh rialú cáilíochta, foilsiú agus dáileadh Chlár na dToghthóirí, agus aird á tabhairt ar na sé cheantar bhardasacha a bhunaigh an coiste toghcháin neamhspleách.
- Cuireadh forálacha Chairt Chustaiméara na Comhairle i bhfeidhm chun cúram custaiméara ardchaighdeáin a sholáthar agus chun forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh le daoine sa phobal d'fhonn méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht faoi sheirbhísí agus faoi oibríochtaí.
- Rinneadh idirghníomhú leis na meáin náisiúnta, áitiúla agus shóisialta chun faisnéis a chur ar fáil agus chun obair na Comhairle agus an méid a dhéanann sí i ndáil le saol an chontae a chur chun cinn.
- Rinneadh riaradh i ndáil leis na forálacha reachtacha a bhaineann le Saoráil Faisnéise, le Cosaint Sonraí, leis an Ombudsman agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla de réir mar atá feidhm ag na forálacha sin maidir leis an údarás áitiúil.
- Rinneadh forálacha an Chreata Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm de réir mar atá feidhm ag an gcreat sin maidir leis na Comhairleoirí agus maidir leis an bhfoireann.

- Cuireadh sábháilteacht san ionad oibre, cúrsaí sláinte, cúrsaí leasa, oideachas agus oiliúint chun cinn trí chlár réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais shonracha na foirne.
- Rinneadh forálacha an Chreata Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm de réir mar atá feidhm ag an gcreat sin maidir leis na Comhairleoirí agus maidir leis an bhfoireann.
- Rinneadh cur i bhfeidhm Bheartas Bainistithe Rioscaí na Comhairle a éascú.
- Rinneadh an struchtúr nua maidir le riaradh chruinnithe na sé Cheantar Bhardasacha a bhunú sa bhliain 2014 agus cuireadh tús leis na cruinnithe i mí an Mheithimh. Bhí 42 chruinniú ann san iomlán sa bhliain 2014, lena n-áirítear cruinnithe buiséid agus Cruinnithe Bliantúla.

# Toghcháin Áitiúla 2014

Sa bhliain 2013, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tUas. Pilib Ó hÓgáin, T.D., Coiste Teorainneacha Toghlimistéar Áitiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na toghlimistéir áitiúla d'fhonn rialachas bailte agus contaetha a chomhtháthú le húdaráis chomhtháite agus an méid sin a eagrú ar bhonn ceantar bardasach.  Mhol an coiste sin líon na gComhairleoirí i gContae na Mí a mhéadú go 40 thar shé cinn de Cheantair Bhardasacha mar a leanas:

| Ceantar Bardasach | An Líon Comhairleoirí |
|---|---|
| Cill Dhéagláin | 6 |
| Ráth Tó | 7 |
| Baile Átha Troim | 6 |
| An Uaimh | 7 |
| An Inse/Baile an Bhiataigh | 7 |
| Ceanannas | 7 |

Rinneadh an vótaíocht sna Toghcháin Áitiúla ar an Aoine, an 23 Bealtaine, agus rinneadh comhaireamh na vótaí sna toghcháin áitiúla ar an Satharn, an 24 Bealtaine, i gCeannoifigí Cathartha nua na Comhairle. Féach an tAguisín chun torthaí iomlána na gcomhaireamh i ngach Ceantar Bardasach ar leith a fháil.   Seoladh an chéad chruinniú den Chomhairle nua ar an 6 Meitheamh agus toghadh an Comhairleoir Jim Holloway mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Trevor Golden mar Leas-Chathaoirleach.

Seo a leanas dátaí na gcéad chruinnithe de na Ceantair Bhardasacha:

| Dáta | Ceantar Bardasach | Cathaoirleach |
|---|---|---|
| 10 Meitheamh | Cill Dhéagláin | An Comhairleoir Suzanne Jamal |
| 10 Meitheamh | Ráth Tó | An Comhairleoir Gerry O' Connor |
| 11 Meitheamh | An Inse/Baile an Bhiataigh | An Comhairleoir Sharon Tolan |
| 11 Meitheamh | An Uaimh | An Comhairleoir Sinéad Burke (Méara) |
| 12 Meitheamh | Ceanannas | An Comhairleoir Eugene Cassidy |
| 12 Meitheamh | Baile Átha Troim | An Comhairleoir Joe Fox |

# Seirbhísí do Chustaiméirí

Trína Plean maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí, tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta i leith an cúram is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí. Thar aon ní eile, nuair a dhéanann daoine teagmháil lena gComhairle Contae bíonn siad ag súil le cúirtéis, le tuiscint, le freagra uathúil i leith a gcuid riachtanas agus leis an moill is lú is féidir agus tá an méid sin dul dóibh. Creidimid go bhfuil raon roghanna ina chuid riachtanach de sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh Comhairle Chontae na Mí, a mhéid is féidir, na bealaí éagsúla inar mian le daoine leas a bhaint as seirbhísí a éascú. D'fhéadfadh sé nach mbeimid in ann gach duine a shásamh ach déileálfaimid le daoine ar mhodh urramach, gairmiúil agus sinn sásta go ndearnamar ár ndícheall.

Sa bhliain 2014, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt múnla seirbhíse do chustaiméirí chun freastal ar riachtanais na heagraíochta agus i gcomhréir le hathstruchtúrú an Chontae agus le bunú na gCeantar Bardasach nua.

# Cumarsáid agus na Meáin

Tá ról tábhachtach ag an Roinn Seirbhísí Corparáideacha maidir lena chinntiú go ndéantar faisnéis chruinn, thráthúil agus ábhartha a chur ar fáil don phobal, do na comhaltaí tofa agus d'fhoireann na comhairle. Baintear úsáid as raon bealaí cumarsáide chun a chinntiú go mbíonn rochtain ar fhaisnéis agus go mbíonn faisnéis ar fáil go forleathan.

Soláthraíonn na meáin shóisialta deiseanna don chomhairle chun faisnéis a chur in iúl ar bhealach nach ionann agus na bealaí cumarsáide traidisiúnta. Tá forbairt déanta ag an gComhairle ar roinnt cuntas meán sóisialta chun gur féidir faisnéis, foláirimh chomhairle, preas-ráitis, imeachtaí atá le bheith ann nó fógairtí a chur in iúl don lucht éisteachta is leithne is féidir. Is féidir le daoine coinneáil cothrom le dáta maidir le gnóthaí Chomhairle Chontae na Mí ar Facebook nó ar Linkedin

nó trí leas a bhaint as @Meathcoco ar Twitter. Is féidir teacht ar láithreán gréasáin na Comhairle freisin ag www.meath.ie

Sa bhliain 2014, d'eisigh an Chomhairle níos mó na 40 preas-ráiteas agus thug sí freagra ar níos mó ná 160 ceist ó na meáin.

# Córais Faisnéise

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

I rith na bliana 2014, leanadh de thorthaí maithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta trí thionscadail feabhsaithe gnó a chur i bhfeidhm agus, ag an am céanna, rinneadh oibríochtaí agus sonraí a chothabháil.

- **Réitigh Ghnó** – Ta SugarCRM curtha i bhfeidhm ar fud na heagraíochta chun tacú leis na próisis chúraim custaiméara go léir. Sa chéim thosaigh den chur i bhfeidhm, díríodh ar rianú simplí na n-iarrataí go léir a fhaightear ó chustaiméirí. Cuirfear leis sin tuilleadh ar fud na bliana 2015 agus dá éis sin. I measc na láithreán gréasáin nua a tionscnaíodh i rith na bliana 2014, áirítear an Oifig Fiontair Áitiúil agus Turasóireacht Ghleann na Bóinne, chomh maith le láithreán gréasáin sonrach do na Toghcháin Áitiúla, agus iad ar fad comhtháite le meáin shóisialta. Chun an t-athrú chuig struchtúr nua na gCeantar Bardasach a éascú, rinneadh na córais go léir a ndearnadh difear dóibh a oiriúnú, agus aird á tabhairt ar dhíscaoileadh Comhairlí Baile agus ar athruithe ar thoghlimistéir. Leanadh de thionscnaimh éagsúla bainistithe doiciméad, lena n-áirítear comhtháthú Alfresco agus Agresso chun feabhas a chur ar phróisis bhainistithe sonrasc.
- **Oibríochtaí TF** – Mar thoradh ar dheireadh ré Windows XP, ba ghá tionscadal suntasach uasghrádúcháin a chur i gcrích agus tástáil fhorleathan feidhmchlár a dhéanamh ina leith sin. Rinneadh réiteach bainistíochta cumraíochta bogearraí a chur i bhfeidhm chun uasghrádú Windows agus Microsoft Office a éascú.

# Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistiú Rioscaí

Sa bhliain 2014, lean Grúpa Oibre an Chórais Bainistithe Sábháilteachta (SMS) d'athbhreithnú agus de leasú a dhéanamh, de réir mar ba ghá, ar Threoirlínte Náisiúnta, ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta. Ina theannta sin, rinneadh Beartas agus Nósanna Imeachta Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde a athnuachan, a leasú agus a uasdátú. Tá an SMS Corparáideach ar fad curtha i bhfeidhm i measc na Foirne Bainistíochta Líne Sinsearaí agus, chomh maith leis sin, rinneadh codanna den SMS a bhaineann leis an Eagraíocht i gcoitinne a chur i bhfeidhm.

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

- Leanadh den obair ar chúnamh a chur ar fáil do Ranna i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnachtaí rioscaí agus, i gcásanna áirithe, i ndáil le forbairt measúnachtaí den sórt sin.
- Chuir an Rannóg Sábháilteachta tús le cur i bhfeidhm an chláir dlí ghréasán-bhunaithe (Pegasus) ar fud na hEagraíochta.
- Sa bhliain 2014, rinneadh iniúchtaí sábháilteachta ar fud na hEagraíochta.

# Saoráil Faisnéise

Cinntíonn Comhairle Chontae na Mí i gcónaí go bhfaigheann aon duine a bhfuil leas cuí aige/aici i bhfaisnéis shonrach rochtain ar an bhfaisnéis sin tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Is iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na taifid sin nach bhfuil ar fáil cheana féin faoi reachtaíocht eile agus baineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le gach taifead údaráis áitiúil a cruthaíodh tar éis an 21 Deireadh Fómhair 1998.

Is iad seo a leanas na staitisticí na bliana 2014 i ndáil le hIarrataí Saorála Faisnéise:

| | |
|---|---|
| **Iarrataí a Fuarthas** | **47** |
| **Tugtha ar aghaidh ón mbliain 2013** | **3** |
| **Iomlán** | **50** |
| **An líon iarrataí a Ceadaíodh/a Ceadaíodh go Páirteach** | **41** |
| **An líon iarrataí ar diúltaíodh dóibh** | **2** |
| **An líon iarrataí a aistríodh** | **0** |
| **Tarraingthe siar nó déileáladh leo lasmuigh den chóras Saorála Faisnéise** | **2** |
| **Cásanna beo ag deireadh na bliana 2014** | **5** |
| **An Líon Athbhreithnithe Inmheánacha** | **4** |
| **An Líon Achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise** | **1** |

# Imeachtaí Corparáideacha

## Cuairt Toscaireachta Síní ó Chúige Guizhou agus ó chathair Guiyang

D’eagraigh Comhairle Chontae na Mí cuairt ó thoscaireacht Shíneach ó Chúige Guizhou agus ó chathair Guiyang Dé hAoine, an 3 Deireadh Fómhair 2014.

Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Jim Holloway, agus an Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire, fáilte roimh Kezhi Zhao, Príomhoifigeach Chúige Guizhou, roimh Wenxin Liu, Méara Guiyang, agus roimh roinnt oifigeach rialtais chuig Seomra na Comhairle.

Ba é ba chuspóir don chuairt ná an tuiscint fhrithpháirteach agus an cairdeas idir an Mhí agus Guiyang a chur chun cinn, rud a tionscnaíodh tríd an Meabhrán Tuisceana a shíniú le linn na cuairte trádála ó iar-Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí, John V. Farrelly, agus ón iar-Chomhairleoir, Noel Leonard, ar Guiyang sa bhliain 2013.



**An Cathaoirleach, an Comhairleoir Jim Holloway, agus Méara Guiyang, Wenxin Liu, agus an Comhaontú Nasctha á shíniú acu.**

Tríd an gcomhaontú foirmiúil idir Guiyang agus Contae na Mí a shíniú, tugadh gealltanas i leith teagmháil idir daoine a chur chun cinn agus chun bheith réamhghníomhach maidir le malartú agus comhoibriú a dhéanamh i réimsí na heacnamaíochta, na trádála, na heolaíochta agus na teicneolaíochta, an chultúir, an spóirt, na sláinte agus an oideachais.

# Deontais Ardoideachais

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

Tá foráil déanta maidir le riachtanais reachtúla an Choiste Gairmoideachais.

Déantar riaradh na n-iarratas ar Dheontais Ardoideachais a rialú ar bhonn scéime aonair aontaithe deontais.

- An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011
- Na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2014
- An Scéim Deontais do Mhic Léinn 2014

Déanann Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), a cuireadh ar bun sa bhliain 2012, na hiarratais nua ar fad ar dheontais do mhic léinn a phróiseáil agus tá SUSI á oibriú ag Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath.

Leanfaidh Comhairle Chontae na Mí de phróiseáil a dhéanamh ar iarratais ar athnuachan ó mhic léinn a bhfuil deontais tugtha dóibh cheana féin.

Rinneadh 158 iarratas ar athnuachan san iomlán a thíolacadh i gcomhair maoiniúcháin faoin Scéim Deontais do Mhic Léinn i gcás na bliana acadúla 2014/2015.

# Clár na dToghthóirí

***Faisnéis a bhailiú, agus bainistiú a dhéanamh ar rialú cáilíochta, ar fhoilsiú agus ar dháileadh, i leith Chlár na dToghthóirí de réir fhorálacha an Achta Toghcháin.***

## Clár na dToghthóirí 2014/2015

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i bhFeabhra 2014 agus léiríodh daonra vótála mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Dála | 134,434 |
| Toghthóirí Uachtaráin | 132,845 |
| Toghthóirí Pharlaimint na hEorpa | 136,271 |
| Toghthóirí Áitiúla | 138,664 |
| Postvótálaithe | 654 |

Seo a leanas miondealú ar Thoghthóirí Áitiúla de réir Toghlimistéir Áitiúil:

| | |
|---|---:|
| **Cill Dhéagláin:** | **19,572** |
| **Ceanannas:** | **25,646** |
| **An Inse/Baile an Bhiataigh:** | **22,697** |
| **An Uaimh:** | **21,784** |
| **Ráth Tó:** | **24,592** |
| **Baile Átha Troim:** | **24,373** |

# Rialachas agus Bainistiú Rioscaí

## Na Príomhfhorbairtí sa bhliain 2014

### *Bainistiú Rioscaí*

- Rinneadh na pleananna gnó roinne agus na cláir rioscaí a ullmhú don bhliain agus athbhreithníodh iad i lár na bliana;
- Ina theannta sin, athbhreithníodh an dréachtchlár rioscaí corparáideacha sa bhliain 2014;
- Ullmhaíodh Treoir maidir le hUllmhú Pleananna Bliantúla i ndáil le Soláthar Seirbhísí.

### *Bainistiú Rioscaí Dlíthiúla*

- Tháinig Foireann Athbhreithnithe na Mór-Chásanna Dlíthíochta le chéile ceithre huaire chun faireachán a dhéanamh, agus i gcás inar chuí sin, moltaí a dhéanamh, i ndáil le bainistiú na gcásanna dlí a bhí ann cheana féin, nó a d'fhéadfadh a bheith ann, ar cásanna suntasacha a bhí ann nó ar cásanna iad a d'fhéadfadh teacht chun bheith suntasach;
- Athbhreithníodh na cásanna dlí go léir ar fud na bliana.

### *Rialachas Corparáideach*

- Bhí ionadaí ag Comhairle Chontae na Mí ar ghrúpa oibre náisiúnta faoi cheannas an Fhorais Riaracháin (IPA), ar grúpa oibre é a bunaíodh chun forbairt a dhéanamh ar chreat rialachais don earnáil rialtais áitiúil;

- Athbhreithníodh an dréacht-Chatalóg Seirbhísí i gcomhar le gach roinn d'fhonn na seirbhísí a aistriú ó na Comhairlí Baile;
- Éascaíodh na tuairisceáin i leith Tháscairí Seirbhíse Náisiúnta 2013.
- Rinneadh forálacha an Chreata Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm de réir mar atá feidhm ag an gcreat sin maidir leis na Comhairleoirí.

### *An Coiste Iniúchta*

Tháinig Coiste Iniúchta Chomhairle Chontae na Mí le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2014 agus thíolaic sé a Thuarascáil Bhliantúil do Chomhairle Chontae na Mí i mí an Mhárta. Bunaíodh Coiste nua i Meán Fómhair 2014 de réir na reachtaíochta agus na dtreoirlínte athbhreithnithe. I rith na bliana, fuair an Coiste cur i láthair agus tuarascálacha ón gCeann Airgeadais, ó Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, ón gCeann Iniúchta Inmheánaigh agus ón Oifigeach Riaracháin - an tAonad Rialachais Chorparáidigh.

# Acmhainní Daonna

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

Sa bhliain 2014, mar chuid de phleanáil leanúnach i leith an fhórsa saothair, bhí athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an Roinn Acmhainní Daonna ar na leibhéil agus ar na riachtanais foirne ar fud na Stiúrthóireachtaí agus na Ranna/na nOifigí Ceantair. Le linn an Plean i leith an Fhórsa Saothair 2014 a chur i bhfeidhm, cuireadh an méid seo a leanas san áireamh:

- Bunú na gCeantar Bardasach agus díscaoileadh na gComhairlí Baile mar thoradh ar cheanglais an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014;
- Scéim 'Tairseach' a chur i bhfeidhm;
- An Plean Gnó Chorparáidigh agus an próiseas PMDS;
- Athstruchtúrú na foirne le blianta beaga anuas, go háirithe sna blianta 2012 & 2013;

Sa bhliain 2014, caitheadh cuid mhór ama i mbun chur i bhfeidhm na scéime náisiúnta nua maidir le pá breoiteachta. Mar chuid den obair sin chuathas i gcomhairle leis an bhfoireann, rinneadh athchumrú ar CORE agus cuireadh Prótacal Tinnis Chriticiúil (CIP) i bhfeidhm.

Chuaigh tabhairt isteach an Tionscnaimh Náisiúnta Gníomhachtaithe Saothair, 'Gateway', i gcion go mór ar ghníomhaíochtaí na Roinne Acmhainní Daonna sa bhliain 2014. Rinneadh 95 phost den 110 bpost ar fad a sainaithníodh ar bhonn náisiúnta do Chomhairle Chontae na Mí a líonadh sa bhliain 2014.

Lean an tAonad Oiliúna d'athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus, go háirithe, ar oiliúint Sláinte & Sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca le leabhar-choimeád, le sainaithint bearnaí sa phróiseas oiliúna, agus le soláthar oiliúna & modhanna tuairiscithe.

Tar éis an próiseas PMDS a thabhairt isteach athuair ag deireadh na bliana 2012, bhíothas in ann timthriall iomlán measúnaithe feidhmíochta a chur i gcrích sna blianta 2013 agus 2014.

# Pleanáil agus Iompar Straitéiseach

## Bainistiú Forbartha

Tháinig méadú 10%, go dtí 1226, ar an líon Iarratas Pleanála a fuarthas sa bhliain 2014.

**Próifíl na n-iarratas pleanála a ndearna Údaráis Áitiúla na Mí cinneadh ina leith:**

| Catagóir | An líon iarratas a cinneadh | % a Ceadaíodh | % ar diúltaíodh dóibh | An líon cásanna ar dhaingnigh An Bord Pleanála iad | An líon cásanna ar fhreaschuir An Bord Pleanála iad |
|---|---|---|---|---|---|
| Forbairtí Tithíochta | 17 | 58 | 42 | 2 | 0 |
| Teach Aonair | 205 | 83 | 17 | 2 | 5 |
| Forbairt eile nach bhfuil gá le EIS ina leith | 572 | 94 | 6 | 15 | 7 |
| Forbairtí a bhfuil gá le EIS ina leith | 7 | 86 | 14 | 0 | 0 |

# Móriarratais Phleanála a Fuarthas nó a Cinneadh i rith na bliana 2014

## Saoráidí Scoile

Baile Iúiliáin, Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn,

Carraig Leice, Cill Dealga, Lios Muilinn, Maigh Dearmhaí.

Cnoc an Dúin, Baile Shláine, Ceanannas, Baile an Chaisleáin, an Obair,

An Seanchaisleán. Baile Graí, Baile an Bheileogaigh, Cushinstown, Currach Átha, Tierworker.

## Saoráidí Spóirt nó Pobail

An Chorr Mhín, Damhliag, Dún Doire, Baile Phoill, Carn na Ros, Cill Mhaighneann, an Uaimh, Cill Mheasáin, Baile Átha Buí, Baile an Chaisleáin, Droim Rí, Achair, Cnoc an Línsigh, Cill Dhéagláin, Walterstown, Ráth Cairn, An Inse, Cill Bhríde, Domhnach Cairnigh.

## Forbairtí Tithíochta

Droichead Átha, Dún Seachlainn, Cill Dhéagláin, Dún Uabhair, An Cillín, Baile Átha Troim, Ráth Tó.

## Saoráidí Cúraim Leanaí & Tithe Altranais

Domhnach Cairnigh, Ceanannas, Steach Maoilín, Droichead Átha, Ráth Tó, Cill Mheasáin.

## Cairéil

Damhliag.

## Saoráidí Turasóireachta/Taitneamhachta

Balrath, Loch Craobh, Baile Shláine, Baile Átha Troim.

## Saoráidí Tráchtála/Tionscail/Fuinnimh

Baile Shláine, Baile Átha Troim, Cill Táile, An Bóthar Buí, Cluain Aodha, Ard Cath, Cill Dhéagláin, Damhliag, Carrolstown, An Daingean, Larchhill, Painestown, Carraig an Dísirt, Gillstown, Dún Seachlainn, An Uaimh, Baile Phaghain, Baile an Oitirigh.

## Próifíl na nIarratas

| | |
|---|---|
| **Cead Imlíneach** | **5** |
| **Cead** | **894** |
| **Coinneáil** | **177** |
| **Ré a Fhadú** | **146** |
| **Sealadach** | **3** |
| **Cuid 8** | **2** |
| **Deimhnithe Díolúine Ailt 5 agus 597** | **80** |

# An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

Fuarthas €4.96m i bhfoirm Ranníocaíochtaí Forbartha i rith na bliana 2014 agus b'ionann an tsuim sin agus méadú 17% i gcomparáid le fáltais na bliana 2013.

# Forbairt an Bhonneagair Straitéisigh

Chuir *North Meath Windfarm limited* Iarratas ar fheirm ghaoithe faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Rinneadh tuarascáil theicniúil maidir leis an togra a thíolacadh don Bhord Pleanála.

# Rialú Pleanála a Fhorfheidhmiú

- Eisíodh 514 litir rabhaidh i ndáil le forbairtí neamhúdaraithe agus i ndáil le neamhchomhlíonadh coinníollacha pleanála.
- Eisíodh 221 fhógra forfheidhmiúcháin ina dhiaidh sin agus cuireadh 32 cheann díobh sin faoi bhráid ghníomhaire dlí na Comhairle lena n-ionchúiseamh trí na Cúirteanna.
- Glacadh 11 eastát tithíochta faoi chúram.

- Cuireadh tús le hoibreacha feabhais ar bhonneagar easnamhach eastáit ar eastáit i mBaile Shláine, i mBaile Íomhair, i mBaile an Bhiataigh, i gCill Dealga, i Steach Maoilín agus i Maigh Dearmhaí.

## Na Rialacháin Foirgníochta

- Rinne an tOifigeach Rialaithe Foirgníochta iniúchadh ar 197 bhfoirgneamh
- Fuair an Chomhairle 498 bhfógra tosaithe
- Fuair an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta 76 dheimhniú rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

## Pleanáil Chun Cinn

- Rinneadh Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Chontae na Mí a chur i gcrích, rud a d'fhág go bhfuil mionsonraí ann faoin gcandam tailte atá criosaithe mar thailte cónaithe agus mar thailte tráchtála i ngach lonnaíocht ar leith i gContae na Mí.
- Rinneadh Plean Forbartha Bhaile Átha Troim ar an 30 Aibreán 2014.
- Rinneadh an Plean Ceantair Áitiúil don Inse, do Bhaile an Bhiataigh, do Dhomhnach Cairnigh agus do Bhaile Uí Mhornáin ar an 3 Lúnasa 2014.
- I rith na bliana 2014, cuireadh tús le cúlghairm 29 bPlean Ceantair Áitiúil agus le leasú 5 Phlean Ceantair Áitiúil.

# Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

Ba é a bhí sa rud ba mhó a baineadh amach sa bhliain 2014 ná an Straitéis Forbartha Eacnamaíochta do Chontae na Mí a thionscnamh agus a fhorbairt.

- Is é is aidhm don Straitéis Forbartha Eacnamaíochta do Chontae na Mí ná pleanáil spásúlachta a shineirgiú le baint amach cuspóirí príomha eacnamaíochta, agus sin a dhéanamh ar an mbealach

is éifeachtúla agus is oiriúnaí. Ceapadh sainchomhairleoireacht ildisciplíneach chun an straitéis a ullmhú, agus í faoi cheannas an Dr. Pat McCloughan as *PMCA Economic Consulting*.

- Tá trí chuid ann i Straitéis Forbartha Eacnamaíochta na Mí:
    - 1. Plean Gníomhaíochta Eacnamaíochta;
    - 2. Plean Forfheidhmiúcháin Spásúlachta;
    - 3. Plean Margaíochta.
- Soláthraíonn an Straitéis bearta soiléire, nuálacha atá bunaithe ar fhianaise agus é mar aidhm acu dlús a chur le hathrú eacnamaíochta, le hathbheochan agus le forbairt inbhuanaithe na Mí.
- Sa Straitéis Forbartha Eacnamaíochta, sainaithnítear fís shoiléir eacnamaíochta don Mhí agus déanfar gníomhartha sonracha sainaitheanta a leagan amach chun an fhís sin a bhaint amach.

Tá ról feabhsaithe ceannaireachta Chomhairle Chontae na Mí maidir le Forbairt Eacnamaíochta á shaothrú go gníomhach. I measc na nithe suntasacha a baineadh amach sa réimse seo sa bhliain 2014, áirítear an méid seo a leanas:

- Méadú so-aitheanta ar an líon fiosruithe nua faoi chúrsaí gnó i gContae na Mí, ar fiosruithe iad a thagann trí gheallsealbhóirí éagsúla.

# Fógraí Fostaíochta

I measc na bhfógraí fostaíochta a bhí ann sa bhliain 2014, áiríodh cuideachtaí idirnáisiúnta teicneolaíochta *MDS Global Technologies* agus *SWG* i gCeanannas tríd an gclár luathaithe SmartStart, chomh maith leis an miondíoltóir *TK Maxx* san Uaimh. Bhí rath ar chruthú roinnt fostaíochta tríd an tionscnamh *Connect Ireland*.




**Damien English TD in Ionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Cheanannais**

# Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) na Mí

- Bunaíodh Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) na Mí i mí Aibreáin 2014 agus é mar aidhm aici cabhrú le forbairt fiontraíochta sa chontae trí chultúr fiontraíochta a chruthú, trí chomhairle agus tacaíocht a sholáthar agus trí chúnamh airgeadais a dheonú. Is féidir le OFÁ na Mí cabhair a thabhairt maidir le bunú agus fás gnóthaí beaga cáilithe, idir ghnóthaí nua agus ghnóthaí atá ann cheana féin, i gContae na Mí.

- Sa bhliain 2014, fuair 60 gnó cúnamh deontais ar mhodh tacaíochta ó OFÁ na Mí agus b'fhiú circa €336k an cúnamh sin. Sa bhliain 2014, tháinig méadú ar an rannpháirtíocht sa chlár oiliúna, meantóireachta agus líonrúcháin, agus tríd an gclár sin tugadh tacaíocht i leith 30 cúrsa san iomlán a raibh 373 dhuine páirteach iontu agus bhain na cúrsaí sin le 19 réimse éagsúla.




Tá an Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire, agus an Teachta Damien English, Cathaoirleach Choiste an Oireachtais maidir le Poist, Fiontair agus Nuálaíocht, le feiceáil sa phictiúr agus iad i mbun cuairte ar Oifig Fiontair Áitiúil na Mí ar Bhóthar Bhaile Átha Troim, an Uaimh.

- D'oibrigh OFÁ na Mí go gníomhach le *MicroFinance Ireland* agus thar ceann *MicroFinance Ireland*. Tarchuireadh 12 chliant chuig *Microfinance* sa bhliain 2014.

# An Fiontraí Óg is Fearr de chuid na hÉireann

Ba í an bhliain 2014 bliain tionscanta Chomórtas an Fhiontraí Óig is Fearr de chuid na hÉireann. Fuarthas líon suntasach freagraí ar an bhfógrán tosaigh ina leith sin. Roghnaíodh 15 ghnó chun páirt a ghlacadh sa *Business Bootcamp* a reáchtáladh thar 3 lá. Fuair gnóthaí meantóireacht aonair ansin de réir mar ba ghá. Seoladh Babhta Ceannais an Chontae in Óstán Newgrange san Uaimh agus roghnaíodh trí ghnó chun dul ar aghaidh chuig an mBabhta Ceannais Réigiúnach: *TouchHits*, monarú/ríomhchlárú júcbhoscaí leictreonacha, *GymChef* – béilí folláine, saoráideacha réamhdhéanta do shármhargaí, agus *NewAgeStone*, Troscán Gaineamhchloiche Garraí agus Maisiúchán Garraí.

# Buaiteoir Náisiúnta Ghradaim OFÁ i gcomhair Fiontraíochta Mac Léinn

Ba é Sheep Watch, fiontar mac léinn ó Scoil Iar-Bhunoideachais N. Oilibhéar, an Seanchaisleán, Contae na Mí, Buaiteoirí Foriomlána na Catagóire Sóisearaí sa 12ú Babhta Ceannais de Ghradaim Bhliantúla na hOifige Fiontair Áitiúil do Mhic Léinn a seoladh i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin agus bronnadh an gradam sin orthu i leith a gcoiléir leictreonaigh caorach a bhfuil córas faireacháin ann mar chuid de.



**An fhoireann bhuaiteach as an Seanchaisleán ag an mbabhta ceannais de Ghradaim Fiontraíochta na Mac Léinn**

# Seachtain Fiontraíochta na Mí 2014

Agus é mar aidhm an Mhí a léiriú mar ionad tábhachtach gnó, seoladh Seachtain, Comhdháil agus Taispeántas Fiontraíochta na Mí den chéad uair sa tréimhse ón 17 go dtí an 21 Samhain 2014.

Díríodh ar thrí théama ar leith, is é sin le rá, Cúrsaí Digiteacha, Bia agus Mná sa Ghnó, agus bhí 30 ócáid ann ar fud Chontae na Mí agus imeachtaí fiontraíochta, seimineáir, ceardlanna agus cláir scoile ina measc. Thaispeáin Seachtain Fiontraíochta na Mí nithe atá ar fáil i gContae na Mí agus cuireadh in iúl gurb áit iontach í chun cónaí ann, chun oibriú ann agus chun cuairt a thabhairt air.




An Taoiseach, Éanna Ó Cionnaith, agus Damien English, TD, Aire Stáit Scileanna, Taighde & Nuálaíochta, in éineacht le Príomhfheidhmeannach na Mí, Jackie Maguire, le Kevin Stewart, Stiúrthóir Seirbhísí, agus le Gary O'Meara, Fiontraíocht na Mí, le linn Sheachtain Fiontraíochta na Mí.




An Taoiseach, Éanna Ó Cionnaith, in éineacht le buaiteoirí Bhlas na hÉireann, *Blast & Wilde*, i láthair ag ócáid ceiliúrtha Bhlas na hÉireann le linn Sheachtain Fiontraíochta na Mí.

# Gradaim Ghnó & Thurasóireachta na Mí 2014

Lean an Chomhairle dá comhpháirtíocht le roinnt urraitheoirí earnála príobháidí chun tacú leis na Gradaim bhliantúla Ghnó agus Thurasóireachta. Is í seo an 5ú bliain den imeacht seo agus ba iad buaiteoirí foriomlána Gnó agus Turasóireachta na bliana 2014 *Grove Gardens' Haunted Spooktacular* (buaiteoirí an Ghradaim Turasóireachta) agus *Brú Brewery* (buaiteoirí an Ghradaim Gnó).




Seoladh Ghradaim Ghnó agus Thurasóireachta na Mí 2014




Buaiteoirí Foriomlána Gnó agus Turasóireachta 2014

# Is cuma céard é do ghnó ... *Make it Meath*

Rinneadh an Mhí a chur chun cinn mar ionad tábhachtach, agus tugadh suntas dá príomhbhuanna, le linn roinnt ócáidí taispeántais ar fud na bliana, lena n-áirítear Comhdháil Thurasóireacht Ghleann na Bóinne, Feabhra 2014, Comhdháil Bhliantúil & Taispeántas *Green Biz STEM*, An tIúr – Deireadh Fómhair 2014; *Economy Ireland* 2014, Baile Átha Cliath – mí na Samhna.



**Seastán Poiblíochta *Make it Meath***

# Tacaíocht do Thionscadail Áitiúla

Déanann an Chomhairle cúnamh airgeadais a sholáthar ar bhonn seasmhach ar mhaithe le comhpháirtíochtaí a chabhraíonn le fás eacnamaíochta. Soláthraíodh tacaíocht airgeadais do roinnt tionscnamh, lena n-áirítear tionscnamh Dhearbháin Bhronntanais Cheanannais chun spreagadh do dhaoine siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil le linn thréimhse na Nollag, agus éascaíodh Cultúr freisin trí mhaoiniúchán a thabhairt chun cabhrú le hócáid Gnó Imirceach i mí na Nollag 2013, gan trácht ar nithe eile.



**Seachtain Fiontraíochta na Mí**

# WiFi Saor in Aisce san Uaimh

Bhí áthas ar an gComhairle tacaíocht a thabhairt do chur i ngníomh thionscadal WiFi na hUaimhe trínar cumasaíodh do shiopaeirí, do chuairteoirí agus do mhuintir na háite WiFi a fháil saor in aisce i lár bhaile na hUaimhe. Rinneadh an tionscadal seo a fhorbairt trí Chomhlachas Tráchtála na hUaimhe agus seoladh é le linn Sheachtain Fiontraíochta na Mí 2014.

# Tionscnamh Aoisbhá Cheanannais

Ina cháil mar bhaile píolótach do Chontae na Mí, tá Scéim Aitheantais Cheanannais do Ghnóthaí Aoisbháúla, faoi Clár Chontae Aoisbháúil na Mí, curtha i ngníomh ag Ceanannas. Tá 32 ghnó de chuid Cheanannais cláraithe faoi láthair agus tá siad tiomanta i leith cleachtas Aoisbháúil. Mar chuid den scéim, agus chun cabhair a thabhairt maidir le rochtain, rinneadh aon cheann déag de cholbhaí íslithe a shuiteáil ar fud an bhaile.  Tá Eolaire Gnóthaí Aoisbháúla Cheanannais tiomsaithe freisin agus tugtar cuntas ann ar shuíomh gach gnó lena mbaineann agus ar na seirbhísí aoisbháúla a sholáthraíonn siad. Chun an scéim a mhargú agus a chur chun cinn, bhí feachtais ann sna meáin áitiúla, dáileadh eolaire Aoisbhá Cheanannais agus rinneadh cur i láthair ag taispeántais náisiúnta. Tionscnamh comhoibritheach a bhí ann idir Comhairle Chontae na Mí, Comhlachas Tráchtála Ceanannais & an Cheantair Máguaird agus Aoisbhá Éireann.



Ionadaithe ó ghnóthaí de chuid Cheanannais, ón bpobal áitiúil agus ó ghníomhaireachtaí stáit agus ó ghrúpaí pobail le linn an tráthnóna Creidiúnúcháin.

# Tithíocht

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

### Caipiteal Tithíochta

- Leanadh de chur i bhfeidhm an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh (Céim 1) i rith na bliana 2014 agus críochnaíodh oibreacha ar níos mó ná 300 aonad tithíochta. Díríodh na hoibreacha ar insliú balla agus áiléir.
- Rinneadh oibreacha athfheistiúcháin ar 84 aonad a bhí folamh ar bhonn ócáideach.
- Leithroinneadh maoiniúchán d'oibreacha ar 22 aonad faoi Scéim Oibreacha Oiriúnúcháin na nÚdarás Áitiúil a fógraíodh i Meán Fómhair 2014.
- Áirithíodh maoiniúchán le haghaidh oibreacha athfheistiúcháin ar 54 aonad fholmha fadtéarma inár stoc tithíochta. Críochnaíodh seacht n-aonad is fiche agus tá oibreacha ar siúl ar an maoin atá fágtha.
- Rinneadh Scéim Oibreacha Feabhais Páirceanna Baile, ar tionscadal caipitiúil é a raibh €10m i gceist leis, a chur i gcrích.

### Leithroinntí Tithíochta

- D'fhreastail Comhairle Chontae na Mí ar riachtanais chóiríochta níos mó ná 170 teaghlach sa bhliain 2014, rud a rinneadh trí scéimeanna éagsúla lena n-áirítear an Scéim Cóiríochta ar Cíos, tithíocht shóisialta agus comhlachtaí tithíochta saorálacha, chomh maith le leas a bhaint as folúntais ócáideacha.
- Sa bhliain 2014, fuarthas 24 aonad cóiríochta mar thoradh ar chomhoibriú leis na comhlachtaí tithíochta saorálacha agus leithroinneadh iad ar fad d'iarratasóirí ar an Liosta Feithimh Tithíochta Sóisialta.

### Deontais Tithíochta

Riaradh maoiniúchán deontais arbh fhiú €1.1 milliún é. Fuarthas 118 n-iarratas ar dheontas tithíochta faoi na scéimeanna seo a leanas: An Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontais Chúnaimh Soghluaisteachta.

## Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean

Dhéileáil Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean le níos mó ná 600 coinne/measúnacht sa bhliain 2014 agus cuireadh cóiríocht éigeandála ar fáil do 120 teaghlach. Rinneadh Meitheal Ghníomhaíochta na Mí i leith Daoine Gan Dídean (HATs), a thionóil Comhairle Chontae na Mí, a bhunú sa bhliain 2014 d'fhonn bonn foirmiúil a chur faoi bhainistiú réamhghníomhach idirghníomhaireachta teaghlach gan dídean a dtugtar cóiríocht éigeandála dóibh. Tá HATs ina chuid den Straitéis Náisiúnta maidir le Daoine gab Dídean agus is é Contae na Mí an chéad chontae de chuid Fhóram Daoine Gan Dídean Réigiún an Lár-Oirthir a bhfuil grúpa den sórt sin bunaithe aige.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Rinneadh an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 a ghlacadh i Márta 2014. Baineadh amach na spriocanna cóiríochta don bhliain 2014.

## An tIonad Aontachta

Leanann an t-ionad d'acmhainn thábhachtach a chur ar fáil do Bhaile na Gaoithe agus don phobal i gcoitinne agus tá méadú ag teacht i gcónaí ar úsáid na saoráide ag grúpaí éagsúla.

## Idirchaidreamh le Tionóntaí

Rinne níos mó ná 100 tionónta oiliúint réamthionóntachta i rith na bliana 2014 agus fuair siad míreanna éagsúla faisnéise faoina dtionóntacht le Comhairle Chontae na Mí.

# Gnóthaí Pobail

Déanann an Roinn Gnóthaí Pobail raon leathan clár agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur chun cinn chun daoine a chumhachtú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i bhforbairt pobail d'fhonn leanúint de phobail inbhuanaithe mhuiníneacha a chur ar bun.

Leanann an tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta, atá á pháirtmhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ), de thacú le cur i ngníomh agus le bunú na huilechuimsitheachta sóisialta i gComhairle Chontae na Mí, agus den mhéid sin a éascú.

# An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ordaíodh do gach Údarás Áitiúil Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) a chur ar bun. I gContae na Mí, tá 19 gcomhalta ar an CFPÁ agus iad ionadaíoch don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach. Tá an coiste sin freagrach as Plean Pobail Eacnamaíochta Áitiúil 6 Bliana a ullmhú i gcomhar leis an gComhairle. Cuireadh tús leis an réamhobair (bailiú faisnéise) ar an bplean agus tíolacadh na torthaí tosaigh don chruinniú CFPÁ i mí na Samhna. Déanfar tuarascáil deiridh a eisiúint chuig an CFPÁ sa chéad ráithe den bhliain 2015. Déanfar an plean a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2015.

San Acht Athchóiriúcháin, rinneadh foráil freisin maidir le Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) a bhunú agus cuireadh tús le bunú an LRP ar leibhéal an chontae agus ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh araon.  Táthar ag súil go gcuirfear an obair sin i gcrích sa chéad ráithe den bhliain 2015 agus, an tráth sin, is é an LRP a ainmneoidh ionadaithe pobail agus ionadaithe deonacha do choistí de chuid na Comhairle.

## Tionscnamh Aoisbhá na Mí

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le tionscnamh an Chontae Aoisbháúil agus féachann sé le ról a thabhairt do dhaoine scothaosta agus do gach saoránach i ndáil lena chur faoi deara go bhfuil pobail ann atá níos fearr, níos folláine agus níos sábháilte mar áiteanna cónaithe agus bisithe do dhaoine scothaosta.   I gcomhar le Comhpháirtíocht na Mí (*Laterlife Network*), tugann Fóram na nDaoine Scothaosta cabhair maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise agus is ionann an fóram sin agus guth shaoránaigh scothaosta Chontae na Mí.

Ina cháil mar bhaile Aoisbháúil, tá grúpa stiúrtha gníomhach ag Baile Átha Troim agus tá an grúpa sin ag obair ar roinnt gníomhartha a bhaineann leis an tionscadal seo.

Rinneadh dul chun cinn maidir le tionscnamh Bhaile Gnó Aoisbháúil Cheanannais agus tá 32 ghnó cláraithe sa tionscnamh sin. Déanfar cur i láthair sa chéad ráithe den bhliain 2015 chun aitheantas a thabhairt do na gnóthaí atá páirteach sa tionscnamh.

Déantar an fhaisnéis, an nuacht agus na grianghraif atá ann ar láithreán gréasáin Aoisbhá na Mí a uasdátú go tráthrialta.

## Uilechuimsitheacht Shóisialta

Is é atá in 'Cultúr' ná grúpa forbartha pobail áitiúil a oibríonn le himircigh, le cuardaitheoirí tearmainn agus le dídeanaithe i gContae na Mí. Sa bhliain 2014, d'oibrigh an grúpa le cuardaitheoirí tearmainn i Maigh Muirí agus le mná imirceacha chun ceannaireacht a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar ghnéasachas agus ar chiníochas a mbíonn ar mhná imirceacha déileáil leis.

Táthar ag leanúint de ghníomhartha na straitéise idirghníomhaireachta don lucht siúil a chur i bhfeidhm. Fuarthas maoiniúchán ón Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais chun socrú a dhéanamh maidir le caomhnú Amhrán, Scéalta agus Scileanna Traidisiúnta agus chun féiníomhá dhearfach a spreagadh athuair i measc daoine óga de chuid an Lucht Siúil agus chun íomhánna dearfacha den Lucht Siúil a chur chun cinn.

Lean an Roinn Pobail d'aláraim dheataigh a dháileadh ar theaghlaigh i mbaol. Leanadh de Mhaighnéid Chuisneora do dhaoine scothaosta a scaipeadh tríd an nGarda Síochána agus trí Flexibus.

## Comhairle na nÓg/Dáil na nÓg

Sheol craobh na Mí de Chomhairle na nÓg Cruinniú Ginearálta Bliantúil an-rathúil ar an 24 Deireadh Fómhair 2014 agus d'fhreastail os cionn 200 duine idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois air. Le linn an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil sin, rinneadh ceiliúradh speisialta ar shíniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh agus tugadh aird ar leith ar an gcoinbhinsiún sin i rith an chruinnithe. Toghadh cúig bhall is fiche nua chuig craobh na Mí de Chomhairle na nÓg agus is as gach cearn de Chontae na Mí, idir cheantair thuaithe agus cheantair uirbeacha, dóibh.

Sheol baill chraobh na Mí de Chomhairle na nÓg "*The Book of Banter: A Guide to Youth Facilities in County Meath*", ar toradh cláir oibre dhá bhliain é a chuir na daoine óga i gcrích. Clódh 20,000 cóip de "*The Book of Banter*" agus scaipeadh iad ar na scoileanna iar-bhunoideachais go léir i gContae na Mí.



Craobh na Mí de Chomhairle na nÓg ag seoladh "The Book of Banter", in éineacht leis an gComhairleoir Trevor Golden agus le Kevin Stewart as Comhairle Chontae na Mí

Bhí príomhimeacht poiblí náisiúnta Chomhairle na nÓg ann ar an 20 Samhain 2014. Bhí ceathrar ball de chraobh na Mí de Chomhairle na nÓg ar an gcoiste stiúrtha agus, mar chuid den phróiseas sin, thug siad cur i láthair do Choiste an Oireachtais maidir le Leanaí agus Sláinte, ar cur i láthair e a bhain le saol daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Bhí craobh na Mí de Chomhairle na nÓg páirteach i roinnt comhairliúchán i rith na bliana 2014, lena n-áirítear nithe amhail Plean Forbartha Ceantair Oirthear na Mí, Straitéis na Roinne Oideachais maidir le Cúrsaí Digiteacha agus Lá Rannpháirtíochta Obair d'Ógra Éireann i gContae na Mí.

## Tionscnaimh Phobail – Mórtas Áite

Sa bhliain 2014, leanadh den Léig Frithbhruscair a raibh 140 iontrálaí páirteach ann  agus rinne grúpaí Pobail agus Dheonacha iarracht mhór chun feabhas a chur ar a gcuid ceantar áitiúil. Ba é Dún Seachlainn an buaiteoir foriomlán.

Leanann comórtas Mhórtas Áite de dhul ó neart go neart agus bhí níos mó ná 130 rannpháirtí, idir ghrúpaí agus dhaoine aonair, páirteach ann agus ba é Baile Átha Buí a bhí chun tosaigh ag Searmanas na nGradam ag deireadh na bliana.

Trí pháirt a ghlacadh i Mórtas Áite agus sa Tionscnamh Frithbhruscair, tá sé mar aidhm ag an gComhairle gníomhaíocht phobail a chur chun cinn agus cur chuige comhpháirtíochta idir an Chomhairle agus an pobal a bhfónaimid dó a fheabhsú chun comhsprioc a bhaint amach - is é sin, an Contae is fearr is féidir a bheith ann chun cónaí ann, chun bheith ag obair ann, chun scíth a ligean ann, chun foghlaim a dhéanamh ann agus chun súgradh a dhéanamh ann.

Bhí trí ghrúpa ann mar ionadaithe don Chontae i Scéim Ghradam Uile-Éireann Mhórtas Áite – Baile Átha Buí, Cill Bhearaigh agus Marian Tce./Ledwidge Tce. (Baile Shláine), agus seoladh searmanas na ngradam i mí na Samhna.




Mórtas Áite i gCill Bhearaigh

Ina theannta sin, chuidigh an Chomhairle le Maigh nEalta i ndáil lena n-iontráil i gcomhair chatagóir na bPobal Idirnáisiúnta i nGradaim *Bloom*.

Chuir Scéim Deontais Bhaile Chearráin maoiniúchán €202,000 ar fáil do naoi dtionscadal déag a bhí páirteach i Scéim na nDeontas Pobail.

Leanann Scéim Deontais *Knockharley* de chuidiú leis an bpobal áitiúil agus ceannaíodh 10 n-acra i lár Shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh le haghaidh páirce nua agus ionaid nua pobail.

Bhí trí ghrúpa ann mar ionadaithe don Chontae i Scéim Ghradam Uile-Éireann Mhórtas Áite – Baile Átha Buí, Cill Bhearaigh agus Marian Tce./Ledwidge Tce. (Baile Shláine), agus seoladh searmanas na ngradam i mí na Samhna.

Ina theannta sin, chuidigh an Chomhairle le Maigh nEalta i ndáil lena n-iontráil i gcomhair chatagóir na bPobal Idirnáisiúnta i nGradaim *Bloom*.

Chuir Scéim Deontais Bhaile Chearráin maoiniúchán €202,000 ar fáil do naoi dtionscadal déag a bhí páirteach i Scéim na nDeontas Pobail, agus tá an chuid is mó de na tionscadail sin ar siúl faoi láthair.

Leanann Scéim Deontais *Knockharley* de chuidiú leis an bpobal áitiúil agus ceannaíodh 10 n-acra i lár Shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh le haghaidh páirce nua agus ionaid nua pobail.

# Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí



Rannpháirtithe lán d'anam ag tús rás 5k *Men on the Move* i bpáirc *Blackwater* san Uaimh




Bronnadh deimhnithe críochnaithe ar rannpháirtithe sa rás 5k *Men on the Move* i bPáirc *Blackwater* san Uaimh




Deirfiúracha O'Reilly, in éineacht leis an TD áitiúil, Damien English, agus leis an gComhairleoir Tommy Reilly, agus iad i mbun ullmhúcháin roimh thús an ráis 5k Uile Chontae san Uaimh

# An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

San iomlán, ghlac os cionn 13,118 nduine páirt i gcláir MLSP sa bhliain 2014 – is ionann sin agus méadú 10% i gcomparáid le líon na rannpháirtithe sa bhliain 2013

- Rinneadh €967,195.00 infheistíocht in LSP na Mí sa bhliain 2014. Tá sochar comhchineáil san aireamh san fhigiúr sin. Fuarthas 61% den mhaoiniúchán foriomlán ó fhoinsí áitiúla. I gcomparáid leis an mbliain 2013, tháinig méadú 2.5% sa bhliain 2014 ar an maoiniúchán a fuarthas ó ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta, ar ioncam ó chúrsaí agus ar ioncam ó scéimeanna áitiúla/náisiúnta deontais. Léiríonn an figiúr iomlán an maoiniúchán a fuarthas ó Chomhairle Chontae na Mí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ón Roinn Iompair agus ón Roinn Comhshaoil, agus deontais le haghaidh *Go for Life*, *Bike Week* agus airgead a fuarthas ó chláir agus ó ghníomhaíochtaí.

- Ghlac os cionn 3500 rothaí páirt i dturas bliantúil rothaíochta An Post, is é sin, Turas Rothaíochta Oidhreachta na Mí.

- Cuireadh an clár Mature Movers (daoine scothaosta) ar an ngearrliosta i gcomhair na nGradam Náisiúnta Aoisbhá trína dtugtar Aitheantas i leith Gnóthachtála faoin gcatagóir Aosú Gníomhach Folláin

- Tugadh isteach clár nua amháin sa bhliain 2014, is é sin, Seachtain Mheabhair-Shláinte na Mí. D'éirigh sé sin as comhoibriú idir MLSP, Comhairle Baile na hUaimhe, *Jigsaw Meath*, Seirbhísí Meabhair-Shláinte na Mí agus Comhpháirtíocht na Mí. Ba é ab aidhm don tseachtain ná méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht ar mheabhair-shláinte dhearfach. Tá gealltanas tugtha ag na gníomhaireachtaí go léir lena mbaineann cur le rath na seachtaine agus imeacht den tsamhail chéanna a eagrú sa bhliain 2015, ach scála níos mó a bheith i gceist leis.

- Rinneadh clár *Men on the Move*, a fhaigheann maoiniúchán ó chiste Crannchuir Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a thabhairt isteach i 3 cheantar – an Inse/Baile an Bhiataigh, Cill Táile & Dún Seachlainn. Is d'fhir go sonrach atá an clár nua aclaíochta seo a mhaireann 18 seachtaine. Tá an t-aiseolas tosaigh atá faighte ó na rannpháirtithe dearfach. Déanfar athbhreithniú ar an gclár ag deireadh bhloc 3 sa bhliain 2015 d'fhonn é a leathnú chuig áiteanna eile i gContae na Mí.

# Clár na hOifige Ealaíon

Is é atá i mbeartas agus i misean Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí ná 'cur leis an teacht atá ag an bpobal ar fad ar na healaíona, suim sna healaíona agus feasacht ar na healaíona a spreagadh agus a mhéadú, cur le rannpháirtíocht sna healaíona agus, ag an am céanna, aitheantas a thabhairt do thábhacht na n-ealaíon i réimsí na forbartha pearsanta, na forbartha pobail, na fostaíochta agus na turasóireachta'. Leanann Oifig na nEalaíon de phríomhaidhmeanna agus de phríomhchuspóirí a chur i bhfeidhm de réir Bheartas straitéiseach Ealaíon na Comhairle.

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

- Clár meantóireachta agus oiliúna ealaíontóirí gairmiúla, is é sin FÉACH, a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le *Visual Artists Ireland*, leis an *Irish Writers Centre* agus leis an gComhairle Ealaíon.

- Bainistíocht a dhéanamh ar choimisiúnú agus ar shuiteáil Gné nua Ealaíne Poiblí, '*Family*', le Maurice Harron, i nDamhliag.

- An clár dar teideal Céatadán don Ealaín a chur i bhfeidhm i nDún Uabhair, agus coimisiúnaíodh agus suiteáladh saothar le Ann Hugh i Scoil Náisiúnta Dhún Uabhair.

- Seoladh naoi dtaispeántas i nDánlann Toradh in Ionad Cultúir Chill Dhéagláin.

- Féile Ealaíon na Leanaí: '*Menagerie Mayhem*', Cáisc 2014.

- Rinneadh an chéad Fhéile Scannán/Ealaíon Óige de chuid an Chontae a cheapadh agus a chur i bhfeidhm (Cill Dhéagláin)

- Eagrú agus léiriú drámaí le Mary Lavin agus Le Deirdre Kinahan le linn Fhéile Liteartha Hay, i gCeanannas.
- Tacú le 'Chronicles of Meath', agus bainistiú ina leith, is é sin, saothar nua do Ensemble Cláirseach le Vincent Kennedy, agus tacaíocht agus bainistíocht i ndáil le rannpháirtíocht Ensemble Cláirseach na Mí sa Chomhdháil Dhomhanda Cláirseoireachta. (Scéim an Chéatadáin don Ealaín),
- Bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail leanúnacha faoi Scéim an Chéatadáin don Ealaín.

# Seirbhísí Leabharlainne

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

- Rinneadh mór-uasghrádú ar an gcóras téite agus soilsiúcháin i gCeanncheathrú Leabharlann an Chontae agus i mBrainse na hUaimhe mar chuid de thionscadal Eiseamláir Fuinnimh an AE.
- Rinneadh mór-uasghrádú i leabharlann Bhaile Átha Troim – córas nua téite agus soilsiúcháin. Uasghrádaíodh creatlach an fhoirgnimh freisin trí fuinneoga agus doirse nua a chur isteach agus trí insliú ballaí a dhéanamh.
- I gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, tháinig méadú 12% ar an líon iomlán cuairteanna ar an leabharlann agus is cosúil go mbeidh an líon iomlán eisiúintí ó Leabharlanna na Mí níos mó ná 560,000 sa bhliain 2014.
- Soláthraíodh seirbhís nua ríomh-irise.
- Rinneadh Séasúr Mary Lavin a fhorbairt, a eagrú agus a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Ealaíon agus le hIonad Ealaíon *Solstice*.
- Bhí údair a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu ann le linn Fhéile bhliantúil Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair. Eagraíodh ochtó imeacht agus bhí os cionn 4,000 leanbh, as caoga scoil éagsúil, páirteach in imeachtaí, rud a d'fhág gurbh é seo an príomhimeacht cultúir do leanaí i gContae na Mí.
- D'fhreastail 4,070 leanbh ar Clár Samhraidh imeachtaí a d'eagraigh an tseirbhís leabharlainne i rith mhíonna Iúil agus Lúnasa.
- Eagraíodh seisiún píolótach de Champa Samhraidh Litearthachta do leanaí i Leabharlann Bhaile Átha Troim mar chuid de thionscnamh Aonad Leabharlainne LGMA agus ghlac os cionn 800 leanbh páirt sa Dúshlán bliantúil Léitheoireachta Samhraidh.




**Seoladh seirbhíse nua ríomh-irise, Zinio**

# Turasóireacht

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

- Beidh cur i gcrích Bhealach Tiomána 225km Ghleann na Bóinne mar bhonn le forbairt cheann scríbe Ghleann na Bóinne. Ós rud é go bhfuil an bonneagar agus an t-ábhar poiblíochta ann, athraíodh an bhéim, sa bhliain 2014, chuig céim a trí agus chuig forbairt ardán TF chun uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a bheidh ann don turasóireacht mar thoradh ar Bhealach Tiomána Ghleann na Bóinne a bheith ann.

- Críochnaíodh an obair ar láithreán gréasáin nua Ghleann na Bóinne: www.discoverboynevalley.ie. Ar an láithreán gréasáin tarraingteach nua seo, faightear próifíl shainiúil i leith gach gnó turasóireachta agus, ina theannta sin, baintear úsáid fheabhsaithe as meáin shóisialta chun spéis a spreagadh i measc turasóirí ionchasacha. Tá forbairt aip nua, Gleann na Bóinne, don iphone agus d'fheistí andróideacha faoi lán siúil agus tabharfar tús áite dó sin le go gcuirfear an obair i gcrích sa bhliain 2015.

- Rinneadh Comhdháil tionscnaimh Thurasóireacht Ghleann na Bóinne, 'Showcasing a Unique Destination' a sheoladh sa bhliain 2014 agus mheall sé sin 250 grúpa leasmhara turasóireachta, idir ghrúpaí áitiúla agus ghrúpaí náisiúnta.

- Luaigh Irishcentral.com Gleann na Bóinne mar áit nach mór cuairt a thabhairt uirthi in Éirinn.



Cnoc na Teamhrach



Cnóbha



Caisleán Bhaile Shláine

# Oidhreacht



Caisleán Bhaile Átha Troim

## Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 a ullmhú

Rinneadh cur i láthair os comhair an Choiste Beartais Straitéisigh (CBS) Pleanála, Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontraíochta agus os comhair Chomhairle Chontae na Mí maidir le hullmhú an dara Plean Oidhreachta Contae do Chontae na Mí. Tar éis na dToghchán Áitiúil rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae na Mí. Rinneadh próiseas forleathan réamhdhréachta comhairliúcháin phoiblí a chur i gcrích agus éascaíodh naoi gceardlann de chuid an Fhóraim Oidhreachta Contae chun eolas a bhailiú i ndáil le hullmhú Dhréacht-Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020. Tíolacadh Dréacht-Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 don Choiste Beartais Straitéisigh Pleanála, Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontraíochta.

# Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2015-2020 a ullmhú

Sheol Grúpa Oibre na hOidhreachta Nádúrtha agus na Bithéagsúlachta trí cheardlann i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2014 chun plé agus comhaontú a dhéanamh ar ghníomhartha a bheadh le cur san áireamh i *bPlean Gníomhaíochta maidir le Bithéagsúlacht i gContae na Mí 2015-2020* (dréacht). Rinneadh an *Dréacht-Phlean Gníomhaíochta maidir le Bithéagsúlacht i gContae na Mí 2015-2020* a thíolacadh don Choiste Beartais Straitéisigh Pleanála, Forbartha Eacnamaíochta.

# INTERREG IVA – Gníomhaíocht i leith an Tionscadail Bithéagsúlachta

Is iad príomhchuspóirí an tionscadail trasteorann seo acmhainneacht a mhéadú laistigh d'údaráis áitiúla, feasacht a mhéadú agus bithéagsúlacht a fheabhsú agus a chaomhnú. Tháinig grúpa stiúrtha an tionscadail le chéile uair amháin sa mhí i rith na bliana 2014. Cuireadh na tionscadail ar fad i ngníomh go rathúil agus rinne sainchomhairleoirí seachtracha measúnú neamhspleách ar na tionscadail tar éis iad a chur i gcrích. Cuireadh cuntais deiridh na dtionscadal ar fáil, agus iniúchadh iad, de réir an amchláir, i mí an Mheithimh 2014.

# INTERREG VA

Rinne Foghrúpa Bithéagsúlachta Réigiún na Teorann Thoir, i gcomhpháirtíocht leis an East Border Region Ltd., idirchaidreamh le ranna Rialtais agus ullmhaíodh aighneachtaí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin maidir le Comhar Críochach Eorpach 2014-2020 agus maidir le Clár INTERREG 2014-2020.

# Tionscadal Phlean Oidhreachta an Chontae - Clár maidir le Feasacht ar Oidhreacht na Mí 2014

Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích sa bhliain 2014 mar chuid de Phlean Oidhreachta an Chontae chun feasacht ar an oidhreacht a mhéadú agus fuarthas tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta ina leith:

### (i Seimineár Oidhreachta

Bhí seimineár lae dar teideal 'Recent Research in the Boyne Valley' ann i mBaile Shláine ar an 20 Samhain 2014, agus é comheagraithe ag an Dr. Conor Brady, DIT, agus ag an Dr. Steve Davis, i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta. Cuireadh sé pháipéar déag i láthair agus d'fhreastail níos mó na 100 duine air.

### (ii Scéim Deontais na Seachtaine Oidhreachta 2014

Lean Comhairle Chontae na Mí dá scéim deontais do phobail áitiúla chun spreagadh agus cúnamh a thabhairt do ghrúpaí pobail i ndáil le himeachtaí a eagrú don tSeachtain Oidhreachta 2014 (scéim phíolótach a bhí ann sa bhliain 2013). Bhí éileamh ollmhór ann ina leith seo agus sheol 24 ghrúpa imeachtaí ar fud an chontae, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na seachtainí oidhreachta is mó dá bhfuil ann sa tír.

### (iii My Tara - Tionscadal Ealaíne Poiblí - Foilsiú (Céim 3)

I gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon na Mí, coimisiúnaíodh Michael Fortune (Ealaíontóir) chun foilseachán nua a ullmhú agus é bunaithe ar ghrianghraif ina léirítear taithí daoine aonair ar an láithreán agus ar an áit. Rinneadh an leabhar a scríobh, rinneadh eagarthóireacht air, agus seoladh e ar Chnoc na Teamnhrach i Meán Fómhair.

### (iv Féile Bhaile Múrtha Bhaile Átha Troim - Seachtain Oidhreachta 2014

Thacaigh an Chomhairle Oidhreachta le gnéithe d'Fhéile Bhaile Múrtha Bhaile Átha Troim i rith Sheachtain Oidhreachta 2014.

## Tionscadal Phlean Oidhreachta an Chontae-Feabhas a chur ar Charachtar Chroílimistéar Caomhantais Ailtireachta Stairiúla Cheanannais (LCA)

Tá Ceanannas ina bhaile oidhreachta ainmnithe agus is mórláithreán manachúil luathaoise é atá sainaitheanta ar Liosta sealadach Oidhreachta Domhanda na hÉireann. Dhírigh an tionscadal seo ar fheabhas a chur ar charachtar Chroí-Limistéar Caomhantais Ailtireachta Stairiúla Cheanannais agus ar an limistéar poiblí a bhaineann leis, agus sin a dhéanamh i gcomhairle le húinéirí agus le háititheoirí agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile. De bhreis air sin, ullmhaíodh bailiúcháin

sráid-dreach chun léiriú a thabhairt ar an tslí inar féidir le hidirghabháil den chineál is lú ar fad feabhas suntasach a chur ar charachtar an Limistéir Caomhantais Ailtireachta.

## Athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh láithreach nó foirgneamh tréigthe laistigh de Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne

Is é a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná Ailtire Caomhantais a fhostú chun iniúchadh a dhéanamh ar fhoirgnimh thréigthe agus ar fhoirgnimh fholmha laistigh de Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Bhrú na Bóinne agus chun measúnacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir leis na foirgnimh sin a athbhunú ar mhodh tuisceanach ar mhaithe lena n-úsáid athuair. Rinneadh trí chás-staidéar, maille le dearadh mionsonraithe agus sonraíochtaí imlíneacha, a fhorbairt i gcomhairle le húinéirí maoine chun léiriú a thabhairt ar shamplaí praiticiúla den tslí ina mbeadh tionscadail den sórt seo inchurtha i bhfeidhm. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG), leis an gComhairle Oidhreachta agus leis an bpobal áitiúil.

## Tionscadal Oidhreachta agus Seandálaíochta Ord Crábhaidh Fhearann na mBráithre Dubha

Is é is aidhm don tionscadal seo ná leas a bhaint as comhpháirtíochtaí straitéiseacha atá ann cheana féin, agus comhpháirtíochtaí nua a bhunú, chun an Mhí a fhorbairt agus a chur chun cinn mar shuíomh inar féidir le mic léinn choigríche taithí a fháil ar sheandálaíocht agus ar bhainistiú oidhreachta cultúir. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích sa bhliain 2014 i gcomhpháirtíocht le Scoil Seandálaíochta Allamuigh na hÉireann agus le geallsealbhóirí eile, airíodh an méid seo a leanas: Cruthú comhpháirtíochta le Clár Leonardo an AE (an Iodáil); *Pop-Up Musaem* i Leabharlann Bhaile Átha Troim; Plean Tírdhreachaithe; Plean Caomhantais agus Bainistíochta do Láithreáin; bunú na Scéime Gníomhachtaithe Tairsí ar an láithreán; agus obair le *South Meath Area Response to Teenagers* (tionscadal SMART) chun tionscadal garraí mheánaoisigh a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i gcrích.

# Grúpa Oibre Turasóireachta Cultúir Chomhairle Chontae na Mí

Ball de ghrúpa inmheánach idir-roinne chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh thurasóireachta, lena n-airítear: foilseachán oidhreachta cultúir, is é sin. obair i gcomhar le geallsealbhóirí i ndáil le forbairt Thuras Cholumbáin agus Thionscadal Churrach Bhrú na Bóinne.

# Tionscadal Reilig an Ghorta Mhóir ar láithreán Ospidéal na hUaimhe

Oibríodh i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, le Cumann Staire na hUaimhe, le Paróiste na hUaimhe agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile chun tionscadal a chur i gcrích chun comóradh a dhéanamh ar an reilig gorta mhóir ar thailte Ospidéal Mhuire na hUaimhe.

# Ball de Mheitheal Phortach na Greallaí

Seoladh dhá chruinniú sa bhliain 2014 chun plé a dhéanamh faoi thaighde, faoi chlár cianrochtana agus faoi bhainistiú an láithreáin amach anseo.

# Plean Caomhantais agus Bainistíochta do Thailte de chuid an Stáit ag Cnoc na Teamhrach

Seoladh dhá chruinniú leis an gClár Fionnachtana, leis an gComhairle Oidhreachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le hullmhú Plean Caomhantais do Thailte faoi úinéireacht an Stáit ag Cnoc na Teamhrach agus maidir le hathbhreithniú dréachtaí iardain. Chuir an Clár Fionnachtana a ndréacht faoi bhráid an Aire i Meán Fómhair 2014.

# Ball de Choiste Náisiúnta na Straitéise Tírdhreacha

Seoladh dhá chruinniú sa bhliain 2014 agus foilsíodh an Dréacht-Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha i mí Iúil 2014.

# Comhdhálacha/Páipéir/Ceardlanna Ar Cuireadh sa bhliain 2014

| | |
|---|---|
| **Imeacht:** | Líonra Éiceathurasóireachta na Mí |
| **Dáta:** | Eanáir 2014 |
| **Ionad:** | Ceanannas |
| **Teideal:** | *Sócmhainní Oidhreachta Nádúrtha na Mí* |

| | |
|---|---|
| **Imeacht:** | Seandálaíocht MA UCD – Turas Allamuigh go Teamhrach |
| **Dáta:** | Eanáir 2014 |
| **Ionad:** | Cnoc na Teamhrach |

| | |
|---|---|
| **Imeacht:** | Comhdháil Ghleann na Bóinne |
| **Dáta:** | Feabhra 2014 |
| **Ionad:** | Baile Mhic Gormáin, Co. na Mí |
| Teideal: | Gleann na Bóinne – ár gcuid sócmhainní oidhreachta cultúir a urramú agus taithí a fháil orthu (i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí) |

| | |
|---|---|
| **Imeacht:** | Toscaireacht Oidhreachta Domhanda Rialtas na hÍsiltíre a Óstáil |
| **Dáta:** | Iúil 2014 |
| **Ionad:** | Brú na Bóinne |



Maigh nEalta



An Bhóinn

# Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Ní mór do Chomhairle Chontae na Mí bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar líonra bóithre ina bhfuil os cionn 3,500km. Déantar sin i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar 4 phríomh-mhodh mar a leanas:

- Cothabháil bóithre, ina n-áirítear gnáthchothabháil, cothabháil gheimhridh, cóiriú dromchla agus soilsiúchán poiblí.
- Feabhsú bóithre, ina n-áirítear Feabhsú Roghnach, Feabhsú Athchóiriúcháin, Scéimeanna Feabhsúchán Sonrach agus scéimeanna feabhsúchán eile.
- Trácht ar Bhóithre, ina n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht tráchta.
- Tionscnaimh Iompair Inbhuanaithe.

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

Sa bhliain 2014, rinneadh roinnt scéimeanna Feabhsaithe Bóthair a chur i gcrích nó a thosú, ar scéimeanna iad a rannchuideoidh le feabhsú éifeachtúlacht agus sábháilteacht fhoriomlán an ghréasáin bóithre:

I measc na nithe a baineadh amach, áirítear an méid seo a leanas:

- Clár oibreacha bóthair circa €20m a chur i gcrích.
- Tionscadal píolótach dhá bhliain CIS a chur i gcrích, ar clár é trínar infheistíodh €2m i níos mó ná 50 scéim (19 scéim anuraidh agus 32 scéim sa bhliain 2014).

Rinneadh an Scéim Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta seo a leanas a chur i gcrích sa bhliain 2014:

- Bóthar N51 na hUaimhe-Bhaile Shláine – An Caisleán Dubh, an Uaimh agus Sráidbhaile Bhaile Shláine.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis na Scéimeanna Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta seo a leanas sa bhliain 2014:

- Céim 2 de Bhóthar N51 Dhún Mó
- Acomhal  N51/R164 an Bhealaigh Bhuí
- Athbhunú Phábháil N51 *Tullaghanstown Cross West*
- Scéim Athailínithe an N52 ó Stephenstown go Fringestown

Rinneadh na faid seo a leanas den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta a chothabháil sa bhliain 2014:

Athbhunú Bóithre:

- 6km de Bhóithre Réigiúnacha
- 70km de Bhóithre Áitiúla

**Cóiriú Dromchla:**

- Réigiúnach – 19km (lena n-áirítear faid bóithre a athbhunaíodh)
- Áitiúil – 134km (lena n-áirítear faid bóithre a athbhunaíodh)

**Oibreacha Feabhais ar Dhroichid:**

- L-1602 – Droichead Johnstown
- L-6826 – Droichead Seymourstown
- L-6222 – Droichead Baytown

# Scéimeanna Iompair Inbhuanaithe

Cuireadh clár circa €2m i gcrích sa bhliain 2014 agus an méid seo a leanas san áireamh ann:

- Tógáil Bhealach Glas na Bóinne-Céim 1 a chríochnú agus Dearadh Bhealach Glas na Bóinne-Céim 2 (ar siúl i gcónaí)
- Cuireadh tús le hoibreacha tógála athfheistiú cháin ar Phríomhshráid Chill Dhéagláin – Céim 1

- Rinneadh dul chun cinn maidir le dearadh/leagan amach an Mhoil Busanna ar Bhóthar Uí Chinnéide, an Uaimh
- Trasrian do Choisithe & Moilliú Tráchta i nDamhliag ag an acomhal R150/L1610
- Stadanna bus atá inrochtana go hiomlán do dhaoine faoi mhíchumas i mBaile Átha Troim, i nDamhliag, i mBaile Mhic Gormáin agus in Kilmoon
- Moilliú Tráchta i mBaile Átha Troim – Atreorú Feithiclí Earraí Troma/Lánchosc ar Fheithiclí Earraí Troma ar Shráid Phádraig, Baile Átha Troim
- Trasrian do Choisithe i gCnoc an Línsigh
- Trasrian do Choisithe, feabhsú Cosáin & laghdú leithead an acomhail i nDún Doire
- Scéim Tréscaoilteachta Coisithe in *Linear Park*, an Uaimh
- Dearadh don Droichead Starrmhaide ar Bhóthar Bhaile an Cheantaigh
- Feabhsúcháin i Lár Bhaile Cheanannais – Athdhearadh 4 acomhal shuntasacha i mBaile Cheanannais chun feabhas a chur ar ghluaiseacht coisithe agus ar mhaithe le sábháilteacht mhéadaithe do choisithe agus d'fheithiclí

Leanadh den obair ar sholáthar seirbhísí eile:

- Gnáthchothabháil
- An tSeirbhís Cothabhála Geimhridh
- Seirbhísí Soilsiúcháin Phoiblí
- Comhairle maidir le Rialú Forbartha/Pleanáil Tráchta
- Cothabháil Gléasra & Innealra
- Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta ar Bhóithre
- Cur Chun Cinn & Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre
- **Éifeachtúlacht Fuinnimh**

# Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála

Tá tábhacht shuntasach ag gabháil le cosaint an chomhshaoil a mhéid a bhaineann le cónaitheoirí i gContae na Mí agus do chuairteoirí ar an gContae. Is nithe bunúsacha iad, i dtaca le feabhas a chur ar chaighdeán beatha ár saoránach, uisce agus aer glan, tránna gan truailliú agus bainistiú inbhuanaithe dramhaíola.

## An méid a baineadh amach sa bhliain 2014

### Rialacháin na bliana 2013 maidir le Dramhbhia Teaghlaigh

Leis na rialacháin seo, rinneadh socrú maidir le Araidí Donna a chur ar fáil i gCill Dhéagláin agus i gceirtleán uirbeach na hInse/Bhaile an Bhiataigh/Bhaile Uí Mhornáin/Donecarney ar an 1 Iúil 2014. Bhí an Chomhairle bainteach le feachtais fhorleathana oideachais agus feasachta a bhain leis sin, lena n-áirítear fógráin sna meáin, cuairteanna ó theach go teach, ceardlanna agus laethanta faisnéise.

Déanfar rialacháin nua maidir le bailiú dramhaíola a thabhairt isteach i mí Eanáir 2015 agus, leis na rialacháin sin, déanfar foráil maidir le híocaíocht de réir meáchain, leibhéil shainordaithe seirbhíse, cairteacha custaiméara, gan trácht ar nithe eile.

Rinne Foireann Choiscthe Dramhbhia na Comhairle, a oibríonn as an Roinn Comhshaoil, Dúshlán Coiscthe Dramhbhia a chur i gcrích i gcomhar le 7 bhfostaí de chuid na Comhairle Contae sa bhliain 2014. Ina theannta sin, cuireadh tús le pleananna maidir le dúshlán daoine den phobal a thabhairt sa réimse seo sa bhliain 2014 agus cuirfear na pleananna sin i bhfeidhm sa bhliain 2015.

Rinne Foireann Choiscthe Dramhbhia na Comhairle, a oibríonn as an Roinn Comhshaoil, Dúshlán Coiscthe Dramhbhia a chur i gcrích i gcomhar le 7 bhfostaí de chuid na Comhairle Contae sa bhliain 2014. Ina theannta sin, cuireadh tús le pleananna maidir le dúshlán daoine den phobal a thabhairt sa réimse seo sa bhliain 2014 agus cuirfear na pleananna sin i bhfeidhm sa bhliain 2015.

### Leathnuithe ar an Toirmeasc ar Ghual Toiteach

Sa bhliain 2014, lean an Roinn Comhshaoil de bheith ag gabháil d'fheachtas forleathan faisnéise, lena n-áirítear comhairle a ghlacadh le miondíoltóirí agus fógráin i nuachtáin agus i meáin eile.

## An Plean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún

Rinneadh Dréacht-Phlean Bainistithe Dramhaíola do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, chomh maith le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ghaolmhar (SEA) agus Measúnacht Chuí (AA), a fhoilsiú ag deireadh na bliana 2014 mar chuid den chéim chomhairliúcháin phoiblí. Ceaptar go ndéanfar an Plean sa dara ráithe den bhliain 2015.

## An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 – Umair Mhúnlaigh a Chlárú

Bhí 18,449 gCóras Dramhuisce Tís cláraithe don Mhí faoi dheireadh na bliana 2014 agus b'ionann an líon sin agus 85% de dhaonra iomlán an chontae. De réir phlean iniúchta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, bhí iniúchadh déanta ar 61 WWTS faoi dheireadh na bliana 2014, agus béim á leagan ar limistéir abhantraí nach mór stádas maith a bhaint amach ina leith, faoin mbliain 2015, faoin gCreat-Treoir maidir le hUisce. Maidir leis an 61 DWWTS a iniúchadh, theip ar 34 cinn (nó 56%) díobh agus seirbheáladh Fógraí Comhairleacha ar theaghlaigh á rá cé na hoibreacha feabhais a bhí le déanamh agus bhain tromlach na gcásanna sin le sceitheadh chuig screamhuisce agus chuig uisce dromchla. Tá an Scéim Deontais trína dtairgtear cúnamh airgeadais do theaghlaigh mar chabhair i ndáil le hoibreacha feabhais den sórt sin, á riaradh ag an gComhairle agus bhí 10 n-iarratas ar dheontais faighte suas go deireadh na bliana 2014.

## Reiligí

Tar éis suirbhé mionsonraithe a dhéanamh ar an 231 reilig ar fad atá ann sa Chontae, tá an doiciméad beartais atá á fhorbairt beagnach réidh agus tabharfar aghaidh ann ar riachtanais fhadtéarma an Chontae maidir le reiligí agus cuirfear bonn foirmiúil faoi na riachtanais sin. Rachaidh torthaí an tsuirbhé chun tairbhe go mór do dhaoine a bhíonn ag gabháil do thaighde ginealais agus comhlánóidh siad staidéir atá déanta ag ranna Oidhreachta/Oidhreachta agus Leabharlainne an Chontae.

Sa bhliain 2015, tá sé beartaithe láithreán atá oiriúnach le haghaidh reiligí a shainaithint i ngach ceann ar leith de na Ceantair Bhardasacha.

Tá dul chun cinn maith déanta i ndáil le Reilig ilchreidmhach ina mbeidh spás do 900 uaigh a fhorbairt i, Derrockstown, Dún Seachlainn, agus tá an obair sin le cur i gcrích go luath sa bhliain 2015.

## Oideachas agus Feasacht maidir leis an gComhshaol

I rith na bliana 2014, chuir an Chomhairle maoiniúchán ar fáil agus d'éascaigh sí rannpháirtíocht Phobail i ndáil le roinnt tionscnamh Comhshaoil, lena n-airítear na nithe seo a leanas:

- Scéim Mhaoinithe Deontais do Thaitneamhachtaí agus do Lomairí Faiche
- Rannpháirtíocht mhéadaithe i Scéim 'Mórtas Áite', ar scéim í ar dá réir a oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le pobail.
- Clár Oibre Áitiúil 21 – próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó 49 ngrúpa/n-eagraíocht áitiúla.
- Scéim bhronnta Bonn Caighdeán don Léig Frithbhruscair.

## Láithreáin Taitneamhachta Cathartha

Rinneadh conradh maidir le hoibriú agus bainistiú Láithreáin Taitneamhachta Cathartha na Comhairle san Uaimh, i gCeanannas agus i mBaile Átha Troim a shíniú sa bhliain 2014 agus, mar chuid de sin, rinneadh athruithe ar oibríochtaí roimhe seo sna láithreáin, lena n-áirítear uaire oscailte níos faide, béim mhéadaithe ar oideachas agus ar fheasacht, glacadh le sruthanna breise dramhaíola agus freagracht as na 33 ionad dramhaíola atá ag an gComhairle, idir Ionaid 'Fág Anseo' agus Bhainc Éadaí.

## An Treoir maidir le Tuilte

Tar éis Réamh-Mheasúnacht ar Rioscaí Tuilithe, a bhí dírithe ar shainaithint limistéar ina bhfuil riosca suntasach tuilithe nó a bhféadfadh riosca suntasach tuilithe a bheith iontu amach anseo, a chur i gcrích, rinne Oifig na nOibreacha Poiblí obair a chur ar aghaidh sa bhliain 2014 ar ullmhú Léarscáileanna ina dtaispeántar Limistéir ina bhfuil Baol agus Riosca Tuilithe (Limistéir i gcomhair Tuilleadh Measúnachta) agus beidh céim chomhairliúcháin 3 mhí ann ina leith sin go luath sa bhliain 2015.

## An Líonra Bainistíochta Abhantraí

Rinneadh struchtúr nua 3 Shraith a bhfuil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus na hÚdaráis Áitiúla páirteach ann a bhunú sa bhliain 2014 de réir Rialacháin chun a chinntiú go leanfaidh Éire den Chreat-Treoir maidir le hUisce (CTU) a chur i bhfeidhm, go sonrach i i leith an 2ú timthriall de Phleananna maidir le Bainistíocht Abhantraí a fhorbairt. Rinneadh doiciméad comhairliúcháin faoin gclár ama agus faoin gclár oibre maidir le forbairt na bpleananna sin a fhoilsiú agus beidh comhairliúchán poiblí ann ina leith go luath sa bhliain 2015.

Sa bhliain 2014, sheol an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Líonra nua Bainistíochta Abhantraí a bhfuil Aonad Comhtháthúcháin agus Comhordúcháin ann mar chuid de agus oibreoidh sé sin in éineacht le hÚdaráis Áitiúla, le húdaráis phoiblí eile, le gníomhaireachtaí rialtais agus le pobail áitiúla i ndáil le bainistíocht éifeachtach chomhtháite abhantraí a chur ar bun in Éirinn.

## Forbairtí Eile sa bhliain 2014

- Lean an Chomhairle de bheith gníomhach i ndáil le déileáil le roinnt láithreán neamhdhleathach seanbhunaithe dumpála ar fud an chontae.
- Leanadh de chlár gníomhaíochta ina n-úsáidtear CCTV in áiteanna ina bhfágtar bruscair go minic agus in ionaid 'fág anseo' chun comhlíonadh an Achta um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú.
- Rinneadh córas bainistithe TF-bhunaithe, trína n-éascaítear tuilleadh éifeachtúlacht maidir le déileáil le láithreáin thréigthe, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i rith na bliana.
- Síníodh conradh nua maidir le Saoráid Dídine do Mhadraí a sholáthar, a oibriú agus a bhainistiú agus earcaíodh maor breise madraí.

## An tSeirbhís Dóiteáin

Bíonn ar an tSeirbhís Dóiteáin & Tarrthála déileáil le raon leathan teagmhas agus éigeandálacha ar fud an chontae aon tráth den lá nó den oíche agus ní mór flít na seirbhíse dóiteáin, ina bhfuil os cionn 30 feithicil, a bheith réidh lena n-oibriú chun an riachtanas sin a chomhlíonadh. Tá líon mór foirgneamh (lena n-áirítear áitribh cheadúnaithe agus foirgnimh ardriosca/riosca speisialta) ann i gContae na Mí a bhfuil iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin le déanamh ina leith ag Oifigigh Shinsearacha Dóiteáin.  I gcás oibreacha foirgníochta nua, ní mór Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin a dheonú.

## Oiliúint sa tSeirbhís Dóiteáin

Ar fud na bliana 2014, leanadh den obair maidir le riachtanais oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a) modúil an chláir náisiúnta oiliúna, 'Treoirlínte Caighdeánacha Oibríochta' (SOG-anna) a chur i bhfeidhm; b) Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM); c) cúrsa oiliúna d'Oifigigh Fhostáisiún; d) clár nua in-stáisiúin do gach comhraiceoir dóiteáin; e) An Córas Bainistithe Sábháilteachta – Beartais agus Nósanna Imeachta.

## Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

I rith na Seachtaine Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin 2014, agus ag tráthanna éagsúla ar fud na bliana, d'eagraigh Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Mí sraith gníomhaíochtaí lena n-áirítear feachtais sna meáin, bualadh le grúpaí sainleasa, Laethanta Oscailte Stáisiúin Dóiteáin a óstáil agus cuairteanna ar scoileanna chun teachtaireacht na sábháilteachta dóiteáin a chur chun cinn.

# Bainistiú Móréigeandálacha

Cleachtadh Phoenix: Sa bhliain 2014, rinne Comhairle Chontae na Mí Cleachtadh Mór-Éigeandála a óstáil agus a chomhordú thar ceann Ghníomhaireachtaí Príomhfhreagartha Réigiún an Oirthuaiscirt (PRA-anna). Ba é sin an chéad chleachtadh mór a seoladh i gContae na Mí le tamall anuas agus ba é an chéad uair é a rinneadh cleachtadh den sórt seo a raibh aerfort agus aerlíne idirnáisiúnta bainteach leis a sheoladh lasmuigh d'fhearann an aerfoirt.

# Cosaint Shibhialta

Oibríonn Cosaint Shibhialta Chomhairle Chontae na Mí naoi n-aonad oiliúna ina cuid lárionad ar fud an chontae. Faoi láthair, tá céad is nócha comhalta deonach ann agus iad bainteach go gníomhach le hoiliúint agus le seirbhís phobail a sholáthar sna lárionaid sin atá suite i gCill Dhéagláin, i nDamhliag, i nDún Búinne, i nDún Seachlainn, i gCeanannas, san Uaimh (2), sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Troim.




**Feithicil nua Ceannais agus Rialaithe á bronnadh ar Chosaint Shibhialta na Mí**

Ba bhliain an-ghníomhach í an bhliain 2014 do lucht deonach na Cosanta Sibhialta i gContae na Mí. Rinne an lucht deonach oiliúint Chéad Fhreagróra Éigeandála (EFR), cúrsaí Garchabhrach Ceirde (OFA) agus cúrsaí Teicneora Liachta (EMT) a chríochnú go rathúil. Rinneadh modúil nua oiliúna maidir le Scileanna Allamuigh, Teicníochtaí Cuardaigh, Chéad Fhreagróir Éigeandála Uisce Reatha a thabhairt isteach nó a uasdátú i rith na bliana 2014, rud a chur go mór leis an raon scileanna agus inniúlachtaí atá á chur ar fáil ag an gCosaint Sibhialta do na seirbhísí éigeandála agus don phobal i gcoitinne.

I rith na bliana 2014, bhí an lucht deonach páirteach in imeachtaí ar chéad is ochtó lá. Ghlac seisear daoine den lucht deonach páirt in “GrimpDay”, is é sin, comórtas idirnáisiúnta tarrthála téada a seoladh sa Bheilg i mí Bhealtaine agus iad in iomaíocht le foirne lánaimseartha seirbhíse dóiteáin agus míleata as áiteanna ar fud na hEorpa, as Ceanada agus as an Áise.

# Comhairlí Baile

Tháinig an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil ar an 1 Meitheamh 2014 tar éis na dToghchán Áitiúil ar an 23 Bealtaine 2014. Scoir Comhairle Baile na hUaimhe, Cheanannais agus Bhaile Átha Troim de bheith ann faoin Acht Athchóiriúcháin agus tá na feidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh roimhe seo ag ár gcuid comhairlí baile á gcomhlíonadh anois ag an gComhairle Contae.

## Comhairle Baile Cheanannais

Bhí naonúr comhaltaí tofa ar Chomhairle Baile Cheanannais, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Sarah Reilly** | **Fine Gael** | **36 Bective Place, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Frankie Lynch** | **Fianna Fáil** | **40 Beech Lawn, Gort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Brian Curran** | **Neamhpháirtí** | **4 St. Colmcille's Villas, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Tommy Grimes** | **Páirtí an Lucht Oibre** | **14 Fr. McCullen Park, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Conor Ferguson** | **Sinn Féin** | **Bóthar na hUaimhe, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Bryan Reilly** | **Fianna Fáil** | **Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Oliver Sweeney (Cathaoirleach)** | **Fine Gael** | **Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Brian Collins** | **Páirtí an Lucht Oibre** | **Bóthar an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Sean Drew** | **Fianna Fáil** | **8 Kenlis Crescent, Ceanannas, Co. na Mí** |

# Comhairle Baile na hUaimhe

Bhí naonúr comhaltaí tofa ar Chomhairle Baile na hUaimhe, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Jim Holloway | Fine Gael | Baile Fargáin, Bóthar na Bóinne, an Uaimh, Co. na Mí |
| Joe Reilly | Sinn Féin | Faughan Hill, An Bóthar Mín, An Uaimh, Co. na Mí |
| Anton McCabe | Páirtí an Lucht Oibre | 90 Woodlands, an Uaimh, Co. na Mí |
| Francis Deane (Méara) | Neamhpháirtí | 5 Blackwater Drive, An Uaimh, Co. na Mí |
| Shane Cassells | Fianna Fáil | 52 Oakleigh, an Uaimh, Co. na Mí |
| Caoimhe NiShluáin | Sinn Féin | Baile Ghib, an Uaimh, Co. na Mí |
| Padraig Fitzsimons | Fianna Fáil | Knowth House, Ráth Arlain, an Uaimh, Co. na Mí |
| Suzanne Jamal | Fine Gael | "Rahmait", Flemington, Baile na Rátha, Co. na Mí |
| Phil Brennan | Neamhpháirtí | 41 Silverlawn, an Uaimh, Co. na Mí |

# Comhairle Baile Bhaile Átha Troim

Bhí naonúr comhaltaí tofa ar Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir William Bligh** | **Fine Gael** | **26 Friars Park, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir James O'Shea (Cathaoirleach)** | **Páirtí an Lucht Oibre** | **Navangate, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Philip Cantwell** | **Neamhpháirtí** | **"Villa Maria", Fearann an Mhainéir, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Trevor Golden** | **Neamhpháirtí** | **Church Lane, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Noel French** | **Fine Gael** | **10 Bóthar Cheanannais, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Vincent McHugh** | **Fianna Fáil** | **Stokestown House, Láithreach Cora, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Michael Kenny** | **Páirtí an Lucht Oibre** | **Riverside,44 Eldergrove, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Ronan McKenna** | **Fianna Fáil** | **6 Lackanash, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comhairleoir Gerry Reilly** | **Fine Gael** | **Teaguestown House, Ifearnóg, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |

# Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí

## Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí

| | |
|---|---|
| **Costais Bhliantúla Comhairleoirí (Taisteal & Cothú)** | **€207,128.98** |
| **Liúntais an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh** | **€61,865.77** |
| **Liúntais a íocadh le Cathaoirligh na gCoistí Beartais Straitéisigh** | **€24,000.00** |
| **Íocaíochtaí Ionadaíochta na gComhaltaí (faoi réir cánachais)** | **€587,217.88** |
| **Comhdhálacha Thar Lear – Taisteal agus Cothú** | **€14,451.35** |
| **Costais Ilghnéitheacha** | **€3,861.73** |

# Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle - 2014

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Bliantúla | 10 |
| Cruinnithe Speisialta | 3 |
| Bliantúil | 1 |
| Cruinnithe Réamhbhuiséid agus Buiséid | 2 |
| Prótacal | 10 |
| CPG | 10 |
| CBS – Comhshaol | 2 |
| CBS – Iompar | 2 |
| CBS – Tithíocht, Pobal & Forbairt Cultúir | 1 |
| CBS – Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht | 3 |
| Ceantar –<br>Dún Seachlainn<br>Ceanannas<br>An Uaimh<br>Baile Shláine<br>Baile Átha Troim | <br>8<br>4<br>5<br>5<br>4 |
| Ceantar Bardasach -<br>Cill Dhéagláin<br>Ceanannas<br>An Inse/Baile an Bhiataigh<br>An Uaimh<br>Ráth Tó<br>Baile Átha Troim | <br>7<br>7<br>8<br>7<br>7<br>7 |

# Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Chontae na Mí 2014

| Caiteachas | Ioncam (€m) | Caipiteal (€m) |
|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgníocht | 14.657 | 6.880 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 29.784 | 6.176 |
| Uisce & Séarachas | 12.569 | 2.396 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 6.680 | 1.326 |
| Cosaint Comhshaoil | 10.637 | 0.963 |
| Áineas & Taitneamhacht | 6.055 | (3.254) |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 2.550 | 0.021 |
| Ilghnéitheach | 10.476 | 1.450 |
| Iomlán | 93.408 | 15.958 |
| Ioncam (féach foinsí maoiniúcháin thíos) | 56.948 | 14.572 |
| Glan-Aistrithe | | 4.606 |
| Glan-Chostas Ioncaim le maoiniú ón gContae | (36.460) | |
| Rátaí | 33.218 | |
| Ciste Rialtais Áitiúil & Asbhaint a Bhaineann le Pinsin | 10.536 | |
| Muirir Uirbeacha | 0 | |
| Aistriú ó Chúlchistí | (6.588) | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 0.706 | 3.220 |
| Iarmhéid Tosaigh (01/01/14) | (4.547) | 30.659 |
| Iarmhéid Deiridh | (3,841) | 33.880 |

| Foinsí Maoiniúcháin | Ioncam (€m) | Caipiteal (€m) |
|---|---|---|
| Deontais agus Fóirdheontais Stáit | 22.668 | 10.539 |
| Iasachtaí | | |
| Fáltais Eile | | 4.03 |
| Cíosanna ó Thithe | 8.766 | |
| Iasachtaí Tithíochta | 0.545 | |
| Uisce agus Séarachas Tráchtála | 0 | |
| Táillí Pleanála | 0.699 | |
| Gníomhaíochtaí Áineasa & Taitneamhachta | 0.203 | |
| Muirir Dhóiteáin | 0.563 | |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 1.305 | |
| NPPR | 2.361 | |
| Ilghnéitheach | 17.955 | |
| Iomlán | 55.105 | 14.572 |

## Liúntais agus Costais na gComhaltaí i leith Comhdhálacha (€)

| | € |
|---|---|
| Liúntas an Chathaoirligh agus Chathaoirligh na CBS-anna | 95,385 |
| Aiscí na gComhairleoirí | 177,380 |
| Costais/Tuarastail na gComhaltaí | 939,372 |
| Freastal ar Chomhdhálacha thar lear | 21,513 |

Arna chur i dtoll a chéile ag
Comhairle Chontae na Mí
Halla an Chontae
Sráid an Bhóthair Iarainn
An Uaimh
Contae na Mí
Teil: (046) 9097000
Facs: (046) 9097001
www.meath.ie
customerservice@meathcoco.ie

comhairle chontae na mí
*meath county council*